1831-2780



# SIGNALS 2011

## DOMHANDÚ, AN COMHSHAOL AGUS TUSA

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach

Leagan amach: Rosendahl-Schultz Grafisk/EEA

**Fógra dlíthiúil**
Níor ghá go léireodh ábhar an fhoilseacháin seo tuairimí oifigiúla an Choimisiúin Eorpaigh nó institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Níl an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil nó aon duine nó cuideachta ag gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta freagrach as ucht an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá cuimsithe sa tuarascáil seo.

**Fógra cóipchirt**
© EEA, Cóbanhávan, 2011
Údaraítear atáirgeadh, ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse, seachas sa chás go sonraítear a mhalairt.

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an Idirlíon. Is féidir teacht air tríd an bhfriothálaí Europa (www.europa.eu).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, 2011

ISBN 978-92-9213-181-4
doi:10.2800/68319

**Táirgeadh comhshaoil**
Tá an foilseachán seo curtha i gcló faoi réir ardchaighdeáin chomhshaoil.

**Priontáilte ag Rosendahls-Schultz Grafisk**
— Teastas Bainistíochta Comhshaoil: DS/EN ISO 14001:2004
— Teastas Cáilíochta: ISO 9001: 2000
— Clárúchán EMAS: Ceadúnas uimh. DK – 000235

**Páipéar**
Cocoon Offset — 100 gsm.
Cocoon Offset — 250 gsm.

*Priontáilte sa Danmhairg*

EMAS
Verified environmental management
REG.NO. DK-000244

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach
Kongens Nytorv 6
1050 Cóbanhávan K
An Danmhairg
Teil.: +45 33 36 71 00
Facs: +45 33 36 71 99
Gréasán: eea.europa.eu
Fiosrúcháin: eea.europa.eu/enquiries



# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Céard é Signals? | **4** |
| Eagarfhocal | **6** |
| Bliain na Foraoise: ag ceiliúradh na bhforaoisí do dhaoine | **10** |
| 1. Ag maireachtáil i ndomhan idirnasctha | **12** |
| 2. Sláinte in aeráid atá ag athrú | **24** |
| 3. Ag roinnt saibhreas an dúlra | **32** |
| 4. Tomhaltas neamh-inbhuanaithe | **44** |
| 5. Dúshlán an Truaillithe | **52** |
| 6. An domhan uirbeach | **62** |
| Tagairtí | **70** |

# CÉARD É SIGNALS?

Foilsíonn an Ghíomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) Signals gach bliain, ag soláthar scéalta léargais ar shaincheisteanna spéise iad don díospóireacht ar bheartas comhshaoil agus don phobal i gcoitinne don bhliain atá romhainn.

Ag EEA, déanaim monatóireacht ar an gcomhshaol thar na 32 balltír atá i gcomhpháirtíocht lenár líonra. Bíonn an t-uafás sonraí comhshaoil in úsáid againn inár gcuid oibre, idir thaighdeoirí i mbun dianoibre allamuigh le huisce suas chomh fada lena nglúine agus íomháú satailíte. Ag croílár na hoibre a dhéanaimid tá an raon ‘comharthaí’ a bhaineann le sláinte agus le héagsúlacht ár gcomhshaoil a aimsiú, a léamh agus a thuiscint. Léiríonn ‘Signals’ meas ar chastacht na heolaíochta bunaidh mar aon le tuiscint ar na neamhchinnteachtaí bunúsacha a bhaineann leis na saincheisteanna uile a ndéileálaimid leo.

Tá ár spriocphobal leathan, ó mhic léinn go heolaithe, ó lucht déanta beartas go feirmeoirí agus daoine a oibríonn i ngnóthais bheaga. Foilsítear Signals i ngach ceann de na 26 teanga de chuid an EEA, trí chur chuige atá bunaithe ar scéalta a úsáid chun cumarsáid níos fearr a dhéanamh le lucht léitheoireachta éagsúla. Baineann Signals úsáid as roinnt cur chuige chun a chuid scéalta a eachtrú. Cé go mbíonn pointí sonracha le déanamh ag gach aon scéal, léiríonn siad, mar bhailiúchán, na hidirghaolta iomadúla atá ann idir shaincheisteanna nach bhfuil ceangailte de réir cosúlachta.

Bheimis buíoch as do chuid aiseolais faoi Signals:


Is féidir teachtaireacht a sheoladh chugainn ag an seoladh seo:
**signals@eea.europa.eu**

Idirghníomhaigh le Signals ar líne anseo:
**www.eea.europa.eu/signals**

Tabhair cuairt ar Signals ar Facebook:
**www.facebook.com/European-Environment-Agency**

Ordaigh Signals 2011 saor in aisce ag Siopa Leabhar an AE:
**http://bookshop.europa.eu**

INTERNATIONAL YEAR OF FORESTS · 2011



## Conas mar atá Signals 2011 eagraithe

Ag an EEA, chuireamar móranailís i gcrích le déanaí dar teideal, *Comhshaol na hEorpa: staid agus forbhreathnú 2010 (SOER 2010)* – ár dtuarascáil shuaitheanta. Leagaimid béim ar na dúshláin atá os ár gcomhair ar fud an domhain i SOER 2010.

Tá Signals 2011 bunaithe ar SOER 2010 den chuid is mó agus tá sé bunaithe ar na bpríomhtheachtaireachtaí seo a leanas:

- cruthaíonn na hidirnaisc chasta sa gheilleagar, comhshaol agus sochaí domhanda a lán dúshlán
- cruthaíonn an dúlra seirbhísí thar a bheidh luachmhar don chine daonna, a chineann ár bhfolláine agus ár rathúnas.
- nuair a scriostar éiceachórais de thoradh acmhainní a eastóscadh, seasann na bochtáin mórán na gcostas ach is beag tairbhe a fhaigheann siad
- is príomhthiománaithe iad patrúin tomhaltais dhomhanda i dtaca le himpleachtaí comhshaoil an chine daonna
- téann an bealach agus an áit ina bhfuilimid inár gcónaí i bhfeidhm ar ár dtomhaltas agus, mar sin, ar ár gcomhshaol
- sa bhreis ar ionchuir acmhainní a éileamh, tá ár n-éiceachórais agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil faoi bhagairt ag ár ngeilleagair trí ghiniúint truaillithe agus dramhaíola
- cruthaíonn domhandú dúshláin nua ach soláthraíonn sé réitigh freisin, lena n-áirítear nuálaíochtaí agus eolas agus meicníochtaí nua rialachais a roinnt

I gcaitheamh Signals 2011, leagaimid béim ar shamplaí de nuálaíocht chun dúshlán a chur faoin léargas gur breathnóirí éighníomhacha atá ionainn Go deimhin, príomhtheachtaireacht de chuid Signals 2011 ná an ról atá againn i ndomhan an lae inniu ann a mhúnlú agus an ról ar *féidir* glacadh leis chun an todhchaí a mhúnlú. Is féidir linn todhchaí níos cothroime agus níos fearr a cheapadh leis an rialachas ceart agus leis na dreasachtaí eacnamaíocha agus dearcthaí cearta.

# EAGARFHOCAL



Tá tuiscint mhaith ag Gangi Bhuyan, a fear céile agus a gclann óg ar an bhforaois. Ní mór dóibh an tuiscint seo a bheith acu – gan é, gheobhaidís bás den ocras.

Beathaíonn Gangi agus Sukru a dteaghlach ó cheapach bheag talún ar feadh cúig mhí den bhliain. Cuireann siad leis seo le bia a thagann ón bhforaois. Braitheann siad go hiomlán ar an bhforaois ar feadh ceithre mhí eile – trí ghlasraí, síolta, torthaí agus leigheasanna a shaothrú. An chuid eile den bhliain, cuirtear iallach orthu dul ar imirce go cathracha ar nós Bangalore nó Mumbai, áiteanna ina oibríonn siad mar shaothraithe. Bíonn faitíos orthu faoin tráth seo den bhliain mar go minic go mbíonn siad scartha óna chéile agus is féidir le plódcheantair na gcathracha a bheith neamhfháilteach agus contúirteach.

Is ionann an teaghlach Bhuyan agus Soura – treibh dhúchasach a chónaíonn i bhforaoisí i réigiún Gajapati in Orissa, san India thoir. De bharr an saibhris atá faoi thalamh, tá Orissa ríthábhachtach anois i ndáil leis an soláthar domhanda mianraí. Mar thoradh air sin, tá an méid sin cuideachtaí mianadóireachta ag iarraidh rochtana ar fhoraoisí an réigiúin. Tá ardrioscaí ag baint leis seo ach is féidir leis a bheith thar a bheith fiúntach chomh maith.

Ach, is minic a chailleann na daoine ón treibh. Níl aon ghuth láidir acu toisc nár aithníodh nó nár doiciméadaíodh a gcearta talún go cuí riamh.

Do na daoine seo, braitheann a saoil ar an gcomhshaol nádúrtha. Níl a gcás uathúil. Ar fud an domhain, cuireann díghrádú comhshaoil isteach ar na daoine is boichte. Go minic, mar a léifidh tú, bíonn an damáiste seo bunaithe ar an éileamh domhanda atá ar amhábhair , a bhíonn, faoi seach, tiomáinte ag tomhaltas daonna. Agus tá an tomhaltas sin féin nasctha le déimeagrafaic: méid agus comhdhéanamh na ndaonraí daonna.

Faoi 2050, d’fhéadfadh ár ndaonra a bheith cothrom le 9 mbilliún. Úsáidtear ‘d’fhéadfadh’ mar i ndáiríre níl a fhios againn go beacht conas a fhorbróidh ár ndaonra. Tá an neamhchinnteacht seo mórthimpeall orainn nuair a labhraímid faoin todhchaí. Ach ní féidir léi pairilis a bheith aici orainn dada a dhéanamh. Seachas sin, ní mór dúinn a bheith níos fearr chun a breathnú ar aghaidh go fadradharcach. Tagann saincheisteanna fadtéarmacha sa bhealach orainn go leanúnach ó lá go lá agus déanaimid pleanáil dá réir. Ní mór dúinn an cur chuige seo a leathnú chun roinnt de na saincheisteanna tábhachtacha atá os ár gcomhair mar shochaithe a áireamh.

Ina leith seo, is blianta ríthábhachtacha iad 2011 agus 2012. Is ionann 2012 agus comóradh fiche bliain de 'Chruinniú Mullaigh na Cruinne' de chuid na Náisiúin Aontaithe, i Rio de Janeiro. San am sin, d'aontaigh daoine ó gach gairm bheatha athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt gheilleagrach agus bealaí a aimsiú chun stop a chur le scrios na n-acmhainní nádúrtha nach féidir a athsholáthar agus le truailliú an domhain – chun aistriú go bealach 'forbartha inbhuanaithe'. Coimríodh na hardmhianta seo níos déanaí in ocht 'Sprioc Forbartha na Mílaoise' a bhí dírithe ar a chinntiú go sroicheann forbairt daonna gach duine, i ngach áit, gan dochar a dhéanamh don chomhshaol.

Sa chomhthéacs seo, is féidir *Signals 2011* a fheiceáil mar athmhachnamh ar na hardmhianta a bhí ann fiche bliain ó shin – cuid mhaith acu nach bhfuil bainte amach. Leagann *Signals* an dúshlán seo a leanas amach freisin: is anois an t-am chun aistriú go cinntitheach go geilleagar inbhuanaithe, glas agus domhanda.

Tá an gá práinneach leis an aistriú seo ag éirí i bhfad níos dealraithí. Ar fud an domhain, bagraíonn géarchéimeanna sistéamacha i réimsí cosúil le hairgeadas, athrú aeráide, bithéagsúlacht, éiceachórais agus déimeagrafaíocht. Agus tá scála, luas agus leibhéal idirnascachta de chuid athruithe geilleagracha, sóisialta agus chomhshaol an domhain ag cruthú dúshlán gan choinne. Tá flúirse deiseanna ann, áfach. Tá sé féideartha agus tráthúil aistriú go geilleagar glas inbhuanaithe, domhanda a chur i gcrích.

Ó tharla 'Cruinniú Mullaigh na Cruinne' i Rio sa bhliain 1992, tá athruithe tagtha ar go leor rudaí (ach is iomaí rud atá mar an gcéanna fós). Is anois atáthar ag tuiscint tábhacht iomlán an chomhshaoil maidir le folláine an chine daonna a chinntiú. Ní féidir tosnú ag déileáil le bochtaineacht gan na córais nádúrtha a chothaíonn ár sochaithe agus ár ngeilleagair a chothabháil. Braitheann na daoine is boichte ar an dúlra agus ar an méid a sholáthraíonn sé chun maireachtáil. Ciallaíonn forbairt sa chomhthéacs seo a gcomhshaol áitiúil a chinntiú ar dtús agus ansin dul chun cinn a dhéanamh i mbealaí eile.

Tá dóchas ann. Tá daoine ag cur ceisteanna, ag fáil eolais, ag feidhmiú go nuálaíoch agus ag éileamh athraithe i ngach aon áit a théimid. Faoi láthair san India, tá an tAcht um Chearta Foraoise ag éascú aistriú na gceart talún go pobail treibhe. Níl teideal don cheapach talún faighte ag Gangi agus Sukru Bhuyan ach tá sé faighte ag cuid dá gcomharsan. Cuireann úinéirí de chuid na bpíosaí aontaobhacha páipéir seo a lannaítear go cúramach ar taispeáint iad le meascán de bhród agus d'iontas. Ciallaíonn rath a gcomharsan go bhfuil teaghlach Bhuyan dóchasach.

Faoin am a chruinníonn na toscairí don chomhdháil dar teideal 'Rio+20', d'fhéadfadh go mbeadh píosa páipéir ag an teaghlach Bhuyan féin. Bheadh sé seo in ionannas le céim bheag i gcomhthéacs na bochtaineachta domhanda, na forbartha daonna agus ár dtodhchaí inbhuanaithe roinnte. Is siombail é cumhachtú teaghlaigh amháin de na deiseanna atá ann do na milliúin eile áfach. Is ionann é agus todhchaí níos sláine do chách freisin i ndomhain ina bhfuil gach duine nasctha.

**An tOllamh Jacqueline McGlade**,
Stiúrthóir Feidhmiúcháin

## Dúshláin chasta i ndomhan idirnasctha

Is cosúil go bhfuil ceann de na príomhchonclúidí i dtuarascáil shuaitheanta de chuid an EEA, SOER 2010, réasúnta soiléir: 'tá dúshláin chomhshaoil casta agus ní féidir iad a thuiscint ar leithligh'.

Go simplí, ciallaíonn sé seo go bhfuil saincheisteanna comhshaoil nasctha lena chéile agus is minic nach ionann iad ach cuid de na dúshláin níos mó atá os ár gcomhair agus os comhair ár ndomhain. Is í an fhírinne ná go bhfuilimid inár gcónaí i agus go mbraithimid ar domhan idirnasctha atá comhdhéanta de mhórán córas leithleach ach gaolmhar – córais chomhshaoil, shóisialta, gheilleagracha, theicniúla, pholaitíochta, chultúrtha agus araile.

Is é atá i gceist leis an idirnascacht dhomhanda seo ná go bhféadfadh damáiste d'eilimint amháin iarmhairtí nach bhfuil coinne leo a chruthú in áiteanna eile. Léiríonn an cor chun donais airgeadais domhanda a tharla ar fud an domhain le déanaí agus an t-anord eitlíochta a tharla de thoradh an bholcáin Íoslannaigh an chaoi ar féidir le clistí tobanna a tharlaíonn i gceantar amháin cur isteach ar chórais iomláin.

Tagraítear don idirnascacht seo go minic mar 'dhomhandú' agus ní feiniméan nua é. San Eoraip, ceadaíodh dúinn a bheith rathúil mar ilchríoch agus príomhról a ghlacadh ó thaobh cúrsaí geilleagracha de ar feadh tamaill fhada mar gheall ar dhomhandú. Ar an mbealach, tá cuid mhór dár n-acmhainní nádúrtha mar aon le cuid mhór d'acmhainní de chuid náisiún eile úsáidte againn. Tá ár 'lorg' nó ár dtionchar leathan agus téann sé i bhfad níos faide ná ár dteorainneacha.

Go deimhin, is cosúil go rachaidh fórsaí tiomána atá i gcroílár an domhandaithe go mór i bhfeidhm ar an Eoraip agus ar an gcomhshaol as seo amach. Is iomaí acu nach féidir a smachtú. Mar shampla, d'fhéadfadh daonra an domhain dul thar naoi mbilliún faoi 2050 agus d'fhéadfadh móriarmhairtí comhshaoil a bheith ag baint leis seo. Is dócha go dtarlóidh an fás is mó sa daonra san Áise agus san Afraic, fad is nach dtarlóidh ach tuairim is 3% den fhás sna tíortha is mó forbartha (an Eoraip, an tSeapáin, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil agus an Nua-Shéalainn).

## Dúshláin chomhshaoil bainteach le tiománaithe domhanda athraithe

Tá réimse treochtaí éiritheacha ag múnlú na hEorpa agus an domhain. Tugtar 'mór-threochtaí domhanda' ar roinnt de na treochtaí seo toisc go mbaineann siad le réimsí sóisialta, teicneolaíochta, geilleagracha, polaitíochta agus comhshaoil fiú. I measc na bpríomhfhorbairtí tá pátrúin dhéimeagrafacha athraitheacha nó rátaí luathaithe uirbithe, athruithe teicneolaíochta níos tapúla fós, cuimsiú méadaithe margaidh, aistrithe cumhachta eacnamaíche atá ag athrú nó an aeráid athraitheach.

Tá impleachtaí ollmhóra ag baint le treochtaí dá leithéid maidir leis an éileamh domhanda ar acmhainní. Tá cathracha ag scaipeadh. Tá tomhaltas ag dul i méad. Tá súil le fás geilleagrach leanúnach sa domhan. Tá táirgeadh ag aistriú i dtreo geilleagar nua atá ag teacht chun cinn, a fhásfaidh ó thaobh tábhachta geilleagraí de. D'fhéadfadh

go mbainfidh níos mó ábharthachta le gníomhaithe neamhstáit i bpróisis pholaitíochta. Agus tá athrú teicneolaíochta luathaithe réamh-mheasta. Cruthaítear rioscaí nua leis an 'rás seo i dtreo an na neamhaithnide' – ach cuirtear deiseanna iontacha ar fáil freisin.

Is ábhar i gcuid amháin de SOER é tionchair na 'mór-threochtaí domhanda' ar chomhshaol na hEorpa amach anseo agus cuireann sé taca faoi *Signals 2011*. Tá impleachtaí móra ag baint leis na príomhthreochtaí seo maidir lenár gcomhshaol domhanda agus ár maoirseacht ar na hacmhainní atá ann. Tá codanna i *Signals 2011* dar teideal 'Mór-threocht domhanda Earth 2050' ina mbreathnaímid ar aghaidh ar mhór-threocht agus ina ndéanaimid measúnú ar a tionchar ar chomhshaol na hEorpa sa todhchaí.

Ní féidir linn an cuma a bheidh ar an domhan ná an chaoi ina mbeidh sé sa bhliain 2050 a thuar go beacht. Ach tá mórán treochtaí sainithe go maith cheana féin. Braitheann an chaoi ina leanann na treochtaí ar aghaidh ar na roghanna a dhéanaimidne anois. Sa tslí sin, táimid féin freagrach as an todhchaí. Roghnaímis go cúramach. Gabhfaidh ár ngarchlann agus gach duine eile i bportráid teaghlaigh na bliana 2050 buíochas linn as seo.

Nasc gréasáin: SOER 2010:
**www.eea.europa.eu/soer**

Mór-threochtaí domhanda:
**www.eea.europa.eu/soer/europe-and-the-world/megatrends**



# BLIAIN NA FORAOISE: AG CEILIÚRADH NA BHFORAOISÍ DO DHAOINE

- Braitheann 1.6 billiún duine ar fhoraoisí chun slí bheatha a bhaint amach
- Tá 300 milliún duine ina gcónaí i bhforaoisí ar fud an domhain

## Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí

'Sa chathair, táimid scartha óna chéile agus tá sé seo dainséarach. Is baile agus áit bhreithe í an fhoraois dúinn. Ní féidir linn an áit seo a fhágáil. Tugann an fhoraois slándáil dúinn, rud nach bhfuil ar fáil sa chathair,' a deir duine den treibh Soura, Orissa, san India Thoir.

## Ní crainn amháin atá i gceist le foraoisí: is pobail iad

Is ionann 2011 agus Bliain na Foraoise de chuid na Náisiún Aontaithe, a dhíríonn ar na daoine a chónaíonn i agus a bhraitheann ar fhoraoisí ar fud an domhain. I gcaitheamh na bliana, déanfaimid machnamh ar an ról atá ag foraoisí inár saolta. Is pobail iad foraoisí atá comhdhéanta de phlandaí, d'ainmhithe, de mhiocrorgánaigh, d'ithir, d'aeráid agus d'uisce. Tá foraoisí comhdhéanta chomh maith d'idirghaolta casta idir orgánaigh (muid san áireamh) agus an comhshaol ar a mhaireann siad.

Tá níos mó ná 30% de dhromchla an domhain clúdaithe le foraoisí. Is ceann de na 'stórais' is tábhachtaí iad maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch ar thalamh: tá níos mó ná dhá thrian de speiceas talún aitheanta an domhain agus an céatadán is mó de na speicis atá i mbaol ar domhan ina gcónaí ann.

Cabhraíonn foraoisí chun sinn a choimeád beo: glanann siad ár n-aer agus ár n-uisce. Beathaíonn siad ár n-ithir agus cuireann siad bia, foscadh agus leigheas ar fáil do go leor daoine. Rialaíonn foraoisí an aeráid áitiúil, réigiúnach agus domhanda agus stórálann siad carbón a d'fhéadfadh carnadh san atmaisféar ar dhóigh eile, ag cur le téamh domhanda.

Ar an taobh eile, tá foraoisí lán le hacmhainní luachmhara freisin agus is féidir linn úsáid a bhaint as na hacmhainní seo. Sa lá atá inniu ann, tá foraoisí ar cheann de na príomhroghanna atá os ár gcomhair mar speiceas. An féidir cothromaíocht a bhaint amach idir an mian chun acmhainní foraoise agus talamh a shaothrú agus na róil thábhachtacha a bhíonn acu maidir le córas tacaíochta beatha ár ndomhain?

Sna leathanaigh a leanas, buailfidh tú le daoine suimiúla a bhfuil naisc láidre acu le foraoisí ar fud an domhain. Ón gCongó go dtí an India agus ar ais go dtí an Eoraip, cloisfimid scéalta faoi fhoraoisí agus faoi na daoine a chónaíonn iontu. Déan ceiliúradh ar 2011 trí smaoineamh ar d'fhoraois áitiúil agus ar cén chiall a mbaineann léi duitse agus do na glúine atá le teacht.



# 1. AG MAIREACHTÁIL I NDOMHAN IDIRNASCTHA





# 1. AG MAIREACHTÁIL I NDOMHAN IDIRNASCTHA

'…tá an meáchan a bhaineann le hardmhianta agus le stíleanna maireachtála comhpháirteacha na 500 milliún Eorpach rómhór. Beag beann ar mhianta dlisteanacha na mbilliún duine eile ar fud an domhain na stíleanna maireachtála seo a chomhroinnt.... Beidh orainn iompar na dtomhaltóirí Eorpacha a athrú. Feasacht daoine a fheabhsú agus dul i gcion ar a nósanna.' Janez Potočnik, Coimisinéir Comhshaoil an Aontais Eorpaigh (Márta 2010)

Cúig bliana ó shin, ba dhufair é Bisie. Tá sé suite i gcríoch Wailikale an Chongó thoir agus is bailecheantar cúngaithe é anois mar gheall ar fhionnachtain na casatairíte, díorthach stáin atá ina chomhpháirt ríthábhachtach i gciorcadra de chuid go leor giuirléidí nua-aimseartha. Tá sí i d'fhón póca, do ríomhaire glúine, do cheamaraí digiteacha agus do ghléasanna cluichíochta.

**'Mar shaoránaigh an domhain, táimid uile ceangailte don fhoréigean atá ag tarlú sa Chongó. Ceanglaítear gach duine le heastóscadh na mianraí coinbhleachta a chothaíonn an coinbhleacht seo.'**

Margot Wallström, Ionadaí Speisialta de chuid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Foréigean Gnéasach le linn Coinbhleachta. Is féidir tuilleadh ar fhoréigean gnéasach, ar chogadh agus ar mhianraí a léamh anseo: **www.eea.europa.eu/signals**

Tá an-tóir ar chasatairít agus tá sé an-luachmhar. Go deimhin, tá borradh ar phraghsanna do mhian stáin de thoradh an éilimh atá ann ar leictreonaic tomhaltais. Tá méadú tagtha ar phraghsanna ar Mhalartán Miotail Londain ó thimpeall $5,000 in aghaidh an tona sa bhliain 2003 go níos mó ná $26,000 in aghaidh an tona i ndeireadh 2010, dar leis an Financial Times.


Sa lá atá inniu ann, tá éileamh mór ar réimse acmhainní nádúrtha i bhforaoisí agus i ndufairí an Chongó. In aineoinn sin, tá an Congó fós fíorbhocht. Le 15 bliain anuas fuair níos mó ná 5 mhilliún duine bás sa Chongó Thoir le linn cogaidh idir roinnt grúpaí armtha. Agus meastar gur éigníodh nach lú ná 300,000 bean.

Tharla sé seo sa Chongó cheana, a choilínigh Rí Leopold II na Beilge beagán os cionn 100 bliain ó shin. D'éirigh sé chun a bheith mar dhuine de na daoine is saibhre ar domhan trí rubar ón gCongó a dhíol. Ré na tionsclaíochta a bhí ann agus bhraith an tionscal borrtha na ngluaisteán ar rubar.

Tá an t-éileamh atá againn le fada ar acmhainní nádúrtha chun bia, éadaí, tithe, iompair agus siamsaíocht a chur ar fáil dúinn féin ag dul i méad fad atá stoic acmhainní áirithe ag sroicheadh leibhéal criticiúil íseal.

Bíonn córais nádúrtha faoi réir éileamh nua freisin, cosúil le héilimh ar cheimiceáin bunaithe ar phlandaí nó ar bhithmhais le cur in ionad na mbreoslaí iontaise. Le chéile, tugann na héilimh mhéadaitheacha seo atá ag dul i méad ar bhonn acmhainní atá ag laghdú le fios go bhfuil rioscaí tromchúiseacha ann maidir le forbairt na hEorpa.





## Forbairt do chách

‘Ba chloch mhíle í Forógra na Mílaoise in 2000 maidir le comhoibriú idirnáisiúnta, a spreag iarrachtaí forbartha atá tar éis feabhas a chur ar shaol na mílte daoine ar fud an domhain. Cuireann ocht Sprioc Forbartha na Mílaoise (SFManna) struchtúr ar fáil don chomhphobal idirnáisiúnta uile oibriú le chéile chun toradh coitianta a bhaint amach.

Is féidir na spriocanna a bhaint amach ach ní féidir glacadh le cé chomh mall is atá na feabhsuithe ar shaol na ndaoine bochta, agus tá roinnt buntáistí a gnóthaíodh go dian á n-ídiú ag an aeráid, bia agus géarchéimeanna eacnamaíocha.

Tá na hacmhainní agus an t-eolas ag an domhan chun a chinntiú gur féidir leis na tíortha is boichte fiú agus tíortha eile atá taobh thiar de bharr galair, leithlisithe geografaigh nó achrainn shibhialta a bheith cumhachtaithe chun na SFManna a bhaint amach. Is de thairbhe gach duine na spriocanna a ghnóthú. Dhéanfaí contúirtí an domhain a mhéadú dá dteipfí é seo a dhéanamh – idir éagobhsaíocht go galair eipidéimeacha go díghrádú comhshaoil. Ach cuirfidh gnóthú na spriocanna chun tosaigh sinn i dtreo domhain atá níos cobhsaí, níos cothroime agus níos sláine.

Tá na billiúin daoine ag féachaint i dtreo an chomhphobail idirnáisiúnta chun an fhís tábhachtach atá i bhForógra na Mílaoise a bhaint amach. Go gcoinnímis an gealltanas sin.‘

Ban Ki-moon, Ard-Rúnaí, na Náisiúin Aontaithe i ‘Tuarascáil um Spriocanna Forbartha na Mílaoise 2010’ (NA, 2010)

## An Eoraip agus cothromaíocht nua na cumhachta

De réir mar a théann an 21ú haois ar aghaidh feicimid go bhfuil níos mó agus níos mó de phríomh-dhinimic domhanda lasmuigh de thionchar agus smacht na hEorpa. Tá impleachtaí aige seo i dtéarmaí rochtain ar acmhainní.

Ar bhonn domhanda, tá neamhchinnteacht suntasach le feiceáil maidir le soláthar agus rochtain ar réimse acmhainní nádúrtha ríthábhachtacha: bia, uisce agus breoslaí. D'fhéadfadh riachtanais na Síne, na hIndia, na Brasaíle agus tíortha eile a bheith ar aon dul le riachtanas na hEorpa d'acmhainní sna blianta atá le teacht, ag cur a thuilleadh brú ar an gcomhshaol.

Cinnte go bhfuil roinnt náisiúin atá i mbéal forbartha ag dul go mear i dtreo leibhéal gníomhaíochta eacnamaíoch atá ar chóimhéid le gníomhaíocht eacnamaíoch na hEorpa: tá sé de chumas ag a gcuid daonraí, leibhéal tomhaltais agus táirgiúlachta ár gcinn féin a shárú. Tiocfaidh úsáid níos mó á bhaint as stoic domhanda amhábhar as a gcuid iarrachta dlisteanach forbairt go heacnamaíoch agus go sóisialta. Tá an tSín go háirithe ag taispeáint go bhfuil sí inniúil maidir le rochtain ar amhábhair a dhaingniú ó réimse tíortha agus réigiúin.

Tá an daonra daonna ag fás, tá teicneolaíochtaí ag dul chun cinn agus tá cumhacht na ngníomhaithe neamhrialtasacha príobháideacha cosúil le hilnáisiúntaigh ag leathnú. I gcomhthéacs meicníochtaí rialachais idirnáisiúnta laga, bagraíonn na fórsaí seo 'cead domhanda do chách' maidir le hacmhainní nádúrtha a dhaingniú agus a fháil.

## Domhandú: creat d'fhorbairt daonna

Ag an am céanna, trí nádúr an domhandaithe féin cuirtear deiseanna agus struchtúir ar fáil freisin do thoradh difriúil. Tá an cumas ann le haghaidh rialachais dhomhanda éifeachtaigh, chothroim ar ábhair atá ríthábhachtach dúinn go léir.

Is sampla amháin iad 'Spriocanna Forbartha na Mílaoise' de chuid na Náisiún Aontaithe de phróiseas beartais dhomhanda atá dírithe ar fhorbairt daonna inbhuanaithe agus chothromasach.

Ar an gcuma céanna, tá cainteanna idirnáisiúnta aeráide tar éis dul chun cinn a dhéanamh le bliain anuas. Aithnítear i gComhaontú Cancún, a síníodh i Nollaig 2010 i gcáipéis de chuid na Náisiún Aontaithe go gcaithfear téamh domhanda a choimeád faoi 2  C i gcomparáid leis an teocht réamhthionsclaíoch.

Deimhníonn an comhaontú go mbainfidh na tíortha forbartha – ar chuir a gcuid gníomhaíochtaí agus lorg tionsclaíoch tús le hathrú aeráide de dhéantús an duine – úsáid as $100 billiún i maoiniú aeráide le haghaidh tíortha atá i mbéal forbartha ar bhonn bliantúil faoi 2020. Bunaítear ann chomh maith Ciste um Aeráid Ghlas trína dhíreofar mórán den mhaoiniú.

Cumasaíonn nuálaíochtaí cosúil leis an meicníocht ar a dtugtar 'REDD+' (Astuithe ó Dhífhoraoisiú agus Díghrádú Foraoise a Laghdú) gníomh chun astuithe ó dhífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a laghdú i dtíortha atá i mbéal forbartha. Ní fhéadfaí aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh gan struchtúir rialachais dhomhanda agus spiorad comhoibrithe.

Mar an gcéanna tá an tAontas Eorpach ag iarraidh freagraí comhoibríocha ar dhúshláin agus spriocanna coiteanna a chur chun

cinn. Leagtar amach i bhFís 2020 an AE straitéis fáis atá bunaithe ar gheilleagar cliste, inbhuanaithe cuimsitheach.

## Ról méadaitheach d'oibreoirí neamh-stáit

Is léir go bhfuil ról tábhachtach ag próisis pholaitiúla dhomhanda maidir le cinntiú nach scriosann fás eacnamaíoch na fochórais nádúrtha. Is tréith sainithe eile de dhomhandú í tábhacht mhéadaitheach na ngníomhaithe neamhrialtais, lena n-áirítear gnóthaí ilnáisiúnta.

Tá príomhról chomh maith ag gníomhaithe neamhrialtais cosúil le cuideachtaí fóin phóca agus TF, i dtaobh forbartha inbhuanaithe a sholáthar. Beidh tionchar dearfach ag an gcéad chuideachta a dheimhneoidh a dtáirgí le bheith saor ó mhianraí 'coinbhleachta' ar mhórán saoil agus beidh cumas margaíochta ollmhór aige.

Ní mór dúinn féachaint ar shamplaí taighde agus forbartha nuálaíochta na bpríomhchuideachtaí agus iad a chur i bhfeidhm i ndáil leis na dúshláin atá ós ár gcomhair. Díreach mar an gcéanna le conas a thugann Fondúireacht Bill agus Melinda Gates faoi thaighde criticiúil agus a mhaoiníonn tionscadail ar fud na cruinne, ní mór dúinn réimse iomlán an chumais chun fadhbanna a réiteach atá ar fáil dúinn a úsáid chun forbairt inbhuanaithe, leantach a bhaint amach.

Mar shaoránaigh – go haonarach agus trí eagraíochtaí neamhrialtasacha – táimid ag slógadh freisin. Tugann roinnt daoine aghaidh ar na sráideanna chun agóid a dhéanamh. Tá roinnt againn ag caitheamh ár gcuid ama agus fuinnimh i mbia nó i ngníomhaíochas comhphobail a athfhionnadh. Tá mórán daoine ag coigeartú a gcuid roghanna tomhaltais chun tionchair chomhshaoil a íoslaghdú agus aischuir chothroma a chinntiú do tháirgeoirí i dtíortha atá i mbéal forbartha. Is é an pointe ná: go bhfuil tionchar ag domhandú orainn go léir agus táimid ar tí a thuiscint nach bhfuilimid gan cumhacht: is féidir linn rudaí a mhúnlú.

## Forbair, cruthaigh, oibrigh agus múin

Ní mór dúinn leanúint orainn a bheith ag forbairt, ag cruthú, ag obair agus ag foghlaim dúinn féin. Ach caithfimid a bheith níos cliste. Mar shampla, is í príomhaidhm chriticiúil Spriocanna Forbartha na Mílaoise ná an comhshaol nádúrtha, ar a mbraitheann na daoine fíorbhochta chun maireachtáil go laethúil, a dhaingniú.

Ciallaíonn sé seo go gcaithfear acmhainní nádúrtha a riaradh ar bhealach a chuireann ar chumas comhphobail áitiúla maireachtáil, leas a bhaint astu agus ansin dul chun cinn a dhéanamh. Is é seo ceann de na príomhdúshláin atá ós ár gcomhair ar bhonn domhanda de réir mar a léirítear sa chéad chaibidil eile faoi acmhainní agus faoi mhuintir na foraoise in India.

Is dúshlán é ina bhfuil ról mór againn mar Eorpaigh. Tá bainistiú na n-acmhainní domhanda go hinbhuanaithe ríthábhachtach chun rathúnas eacnamaíoch cothromasach, comhtháthú sóisialta níos mó agus comhshaol níos sláintiúla a dhaingniú.

Léigh 'Bealaí chun Geilleagair Ghlais' [Pathways to a Green Economy], tuarascáil úrnua de chuid na Náisiún Aontaithe anseo: **www.unep.org/greeneconomy**



## Nuálaíocht: mianraí

### Méarlorgaireacht

Ag an Institiúid Chónaidhme Acmhainní Nádúrtha agus Eolaíochta Geolaíochta i Hanover, An Ghearmáin, tá an Dr Frank Melcher ina cheannaire ar fhoireann atá ag déanamh forbartha ar shlí nua chun na mianraí a úsáidtear i leictreonaic a dheimhniú – sa tslí céanna a ndéantar diamaint a dheimhniú. Tá 'méarlorg' sainiúil ag gach ceann de na mianraí atá i gceist atá ceangailte dá láthair bhunaidh.

'Chun méarlorgaireacht a dhéanamh ar mhianraí cosúil le coltan agus casatairít déanaimid poll beag a druileáil tríd an sampla sin,' a mhíníonn an Dr Melcher.

'Ansin déanaimid an sampla a scanadh ar feadh dhá nó trí uair. Ansin déanaimid anailísiú ar an toirt dá chomhdhéanamh. Is é seo an méarlorg. Agus tá sé seo thar a bheith tipiciúil do Bisie.

'Ó gach grán a ndéantar anailís air anseo, faighimid amach an aois déanmhaíochta – an aois geolaíochta – agus is féidir linn a rá: caithfidh gur ó Phoblacht Daonlathach an Chongó an t-ábhar seo, nó ón Mósaimbíc, toisc go bhfuil a fhios go cruinn againn cé chomh sean agus gur ceart do na gráinní seo a bheith.

'Mar sin is féidir na hamhábhair a rianú go teicniúil ach ní mór iad a rianú sula ndéantar iad a bhruithniú i miotail,' a deir sé.

Déantar obair an Dochtúra Melcher mar chuid de chomhaontuithe comhair idir rialtais na Gearmáine agus an Chongó don tionscadal 'Treisiú na trédhearcachta agus rialú na hearnála acmhainní nádúrtha i bPDC'. Tosaíodh an obair seo in 2009, agus tugann sí tacaíocht d'Aireacht Mianach PDC chun córas um dheimhniú mianraí a chur i bhfeidhm le haghaidh stáin, tungstain, tantailíte, agus óir.

## Finné súl: an buachaill Chance

'Chance is ainm dom, Tá mé 16 bliain d'aois. D'oibrigh mé sa mhianach Bisie ar feadh trí bliana. Chuala mé gur aimsíodh mianach – gar do m'áit chónaithe. Theastaigh uaim oibriú chun a dhóthain airgid a thuilleamh chun mo theach féin a thógáil.

Tógann sé chomh fhada sin lámhacán síos agus aníos arís gur fhan mé thíos ann uaireanta ar feadh seachtaine sula dtáinig mé aníos. Faigheann daoine bás anseo gach mhí, nuair a thiteann ceann de na poill seo isteach,' arsa Chance.

Is é Bisie an mianach is mó sa cheantar. Tá sé lonnaithe beagnach 90 ciliméadar laistigh de dhlúth fhoraois agus téann sé 100 méadar faoi thalamh. Ní mó ná poll beag sa talamh iad na mianaigh go minic. Bíonn na dosaen fear agus buachaillí i ngach mianach agus bíonn na coinníollacha uafásach iontu.

Cúig bliana ó shin ba dhufair é an áit seo. Sa lá atá inniu ann tá beagnach 20,000 duine fostaithe chun na mianraí a iompar agus a mhianú anseo. Tagann siad ó i bhfad i gcéin agus é mar aidhm acu airgead a thuilleamh. Ach tá costais maireachtála chomh ard toisc na cánacha neamhfhoirmiúla a iarrann grúpaí armtha nach féidir le formhór na ndaoine teacht as arís. Tá na céadta mianaigh dá leithéid ar fud an Chongó thoir. Meastar go dtáirgeann Bisie féin mianraí ar luach $70 milliún in aghaidh na bliana.

Nuair atáthar os cionn na talún, iompraítear na mianraí go bailte ar nós Ndjingala, Osakari agus Mubi. Siúlann na hiompróirí 90 ciliméadar i dhá lá, ag iompar oiread agus 50 cileagram an duine. Gach lá tagann 600 iompróir amach as an bhforaois le hiomlán de 30 tonna mianraí acu.

Ceannaíonn meáncheannaithe atá nasctha le honnmhaireoirí agus trádálaithe idirnáisiúnta a dhíolann an mhian le bruithneoirí ar an margadh oscailte casatairít ó Bisie. Nuair a shroicheann sé na brúiteoirí, déantar an stán a scagadh agus a dhíol go díreach le déantúsóirí sádair, nó trí mhalairtí miotail idirnáisiúnta. Ar deireadh, díoltar sádar stáin le déantúsóirí le húsáid i dtáirgeadh ghiuirléidí leictreonacha.

'An chéad uair a chuaigh mé síos sa pholl – ní raibh mé in ann fanacht ann ar feadh i bhfad. Ní raibh taithí agam ar an teocht, agus mar sin ní raibh mé in ann fanacht ann ach ar feadh dhá uair. Arís agus arís eile bhí orm dul síos, oibriú go dian agus teacht aníos arís.'

'Bhí sé an-te agus ní raibh mé in ann déileáil leis. Theith mé ó mhianach Bisie le linn áir. Ach níor bhain mé amach m'aisling – mar sin tháinig mé abhaile chun mo scolaíocht a chríochnú.'

Is é a thugann An Ciste Domhanda Fiadhúlra (WWF) ar Phoblacht Daonlathach an Chongó (PDC) ná ceann de na hionaid is tábhachtaí le haghaidh bithéagsúlachta ar domhan. Is é a deir an WWF ná gurb é an dúshlán atá ann ná foraoisí an Chongó, a chuid speiceas agus an carbón a dhéantar a leithlisiú sna foraoisí seascainn a chaomhnú fad is a fheabhsaítear slí bheatha mhuintir an Chongó.

Is dúshlán domhanda é seo. Ina dTuarascáil um Spriocanna Forbartha na Mílaoise 2005, sainíonn na Náisiún Aontaithe 'in ainneoin na dtairbhí iomadúla a bhaineann le domhandú, maireann beagnach leath de 2.8 billiún oibrí an domhain ar $2 in aghaidh an lae. Maireann níos mó ná 500 milliún de na hoibrithe seo ar leath na méide sin.' Deirtear ann chomh maith 'go mbeidh tuilleadh poist agus fostaíocht níos táirgiúla de dhíth chun bochtaineacht a laghdú.'

*Tá an téacs sa chuid seo de Signals bunaithe i bpáirt ar an scannán faisnéise 'Blood in the Mobile', ana stiúradh ag Frank Piasecki Poulsen. Cóipcheart grianghrafadóireachta an Chongó Mark Craemer.*

Léigh agallamh leis an ngrianghrafadóir Mark Craemer:
**www.eea.europa.eu/signals**



# Mór-threocht domhanda Earth 2050: ord domhanda nua

## Cén fáth a bhfuil an t-aistriú cumhachta domhanda seo tábhachtach duitse?

Nuair a thagann borradh réasúnta tapaigh ar thíortha feiceann siad borradh i gcumhacht eacnamaíoch de bharr a gcuid margaí táirgthe agus tomhaltais atá ag méadú. D'fhéadfadh siad an chumhacht sin a fheidhmiú in idirbheartaíochtaí idirnáisiúnta maidir le cúrsaí eacnamaíochta (ar nós bacainní trádála agus caighdeáin na dtáirgí). Ach is féidir leo an tionchar sin a úsáid i réimsí eile chomh maith, lena n-áirítear i gcomhthéacs idirbheartaíochta comhshaoil.

Bíonn tionchair ag na hacmhainní atá mar fhoinse breosla do gheilleagracha náisiúnta freisin ar chothromaíocht idirnáisiúnta na cumhachta. Má tá acmhainní riachtanacha i do sheilbh agat d'fhéadfaí iomaíochas agus tionchar na ngeilleagracha atá i mbéal forbartha a fheabhsú a thuilleadh, go háirithe toisc dáileadh éagothrom na n-acmhainní ar bhonn domhanda. Mar shampla, ceaptar go bhfuil níos mó ná leath de stoc litiam an domhain, miotal atá riachtanach faoi láthair le haghaidh gluaisteán hibrideach agus lán-leictreach lonnaithe sa Bholaiv.

Meastar go dtiocfaidh méadú faoi cheathair ar úsáid domhanda Neoidimiam, atá ina ábhar riachtanach do mhórán teicneolaíochtaí léasair ardteicneolaíochta, sa 30 bliain atá le teacht. Níl an eilimint ar fáil i dtromlach ach sa tSín. Beidh fás na dtionscal gaolmhar ag brath beagnach go hiomlán ar an tSín agus ar a cumas táirgiúlachta. Beidh na hiarmhartaí do na stáit a bhfuil a leithéid d'acmhainní acu agus do na geilleagracha atá ag brath ar allmhairí araon suntasach.

Tá cumhacht domhanda ag aistriú. Níl sárchumhacht amháin i bhfeidhm a thuilleadh agus tá bloic chumhachta réigiúnacha níos tábhachtaí ná riamh, ó thaobh eacnamaíochta agus daonlathais de. De réir mar a fhairsingíonn idirspleáchas agus trádáil domhanda, beidh sé de leas na hEorpa má bhíonn sí in ann a cuid éifeachtachta ó thaobh acmhainní de agus a geilleagar eolasbhunaithe a leathnú.


De bharr aistrithe cumhachta eacnamaíche sa todhchaí tá seans go mbeadh níos lú tionchair domhanda ag an AE amach anseo. De dheasca athruithe reatha ar mheicníochtaí rialachais dhomhanda, dúshlán bheartais thábhachtaigh a bheidh ann beartais a dhearadh a sheasfaidh do leasanna na hEorpa go héifeachtach ag leibhéal idirnáisiúnta.

### Graf 1: Amhábhair roghnaithe


Cén fáth a bhfuil iomaíocht acmhainne domhanda níos dlúithe tábhachtach don Eoraip? Tá rochtain daingean ar acmhainní nádúrtha ina fhachtóir ríthábhachtach do bhunús táirgiúlachta na hEorpa. Níl an Eoraip saibhir ó thaobh acmhainní de agus bíonn uirthi mórán de na hacmhainní atá uaithi a allmhairiú.

Le haghaidh breis faisnéise féach:
Mór-threochtaí domhanda: iomaíocht domhanda níos dlúithe ar acmhainní:
**www.eea.europa.eu/soer/europe-and-the-world/megatrends**


Teicneolaíochtaí roghnaithe atá freagrach as an méadú ar úsáid na mianraí seo faoi 2030.




Foinsí: Fraunhofer, 2009; USGS, 2004.




Foinse: USGS, 2010, Achoimrí um Tráchtearraí Mianraí.




Foinse: USGS, 2010, Achoimrí um Tráchtearraí Mianraí.

# 2. SLÁINTE IN AERÁID ATÁ AG ATHRÚ





# 2. SLÁINTE IN AERÁID ATÁ AG ATHRÚ

I mí Lúnasa 2007, bhraith údaráis áitiúla sláinte san Iodáil líon ard cásanna breoiteachta neamhghnácha i Castiglione di Cervia agus i Castiglione di Ravenna, dhá shráidbhaile beag atá deighilte ag abhann. Chuir an bhreoiteacht isteach ar bheagnach 200 duine agus fuair seanfhear amháin bás (Angelini et al., 2007).

Tar éis fiosrúcháin mhionsonraithe, fuarthas amach gurb í Chikungunya a bhí sa bhreoiteacht, víreas iompartha ag feithidí a aistríonn an *Aedes* nó muiscít 'thíograch na hÁise', a fhaightear go coiteann san Afraic agus san Áise, go daoine. Rinneadh foinse an ionfhabhtaithe a rianú go fear a bhí ar saoire sa réigiún.

Ceaptar go raibh an galar ag an bhfear breoite sular thaisteal sé chuig an Eoraip ach fuair sé greim ó mhuiscít thíograch na hÁise san Iodáil. Is veicteoir nó iompróir an víris é muiscít thíograch na hÁise agus meastar gur scaip an fheithid sin an víreas go duine eile sa sráidbhaile. Chuir sé seo tús le himoibriú slabhrúil, le muiscítí tíogracha ag tabhairt greime do dhaoine ionfhabhtaithe agus ag scaipeadh an víris go dtí gur tharla mion-eipidéimeach.

## Gréasán imoibrithe

Bhí an briseadh amach i Chikungunya ag brath ar ghréasán casta imoibrithe agus coinníollacha a nochtann roinnt de na rioscaí agus na dúshláin sláinte atá ós ár gcomhair i ndomhan domhandaithe. Bhí ról ag turasóireacht, athrú aeráide, trádáil, gluaiseacht speicis agus sláinte phoiblí go léir anseo.

Meastar gur tháinig an mhuiscít thíograch chuig an Eoraip ó raon earraí allmhairithe – ó phlandaí ornáideacha ar nós 'bambú an áidh' go boinn athláimhe. Fuarthas larbhaí na muiscíte i mórán codanna den Eoraip ach ní mhaireann sé ach allamuigh i dtíortha theas atá níos teo nó i dtithe gloine níos faide ó thuaidh – san Ísiltír mar shampla.

Faightear an Fiabhras Deinge agus Víreas na Níle Thiar san Eoraip anois agus déantar iad a scaipeadh ag míol muiscíte. Dar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) i Stócólm, an tSualainn, ón chéad briseadh amach mór sa Rómáin i 1996, aithnítear ionfhabhtú Víreas na Níle Thiar anois mar phríomhchúis d'imní sláinte phoiblí san Eoraip. Níl aon vacsaín ar fáil faoi láthair agus tá na príomh bhearta coisctheach dírithe ar nochtadh chuig míol muiscíte a laghdú.

## Diantáirgeadh bia

Seans go bhfuilimid ag cruthú na coinníollacha atá riachtanach chun galar ionfhabhtaithe a scaipeadh – coinníollacha nach raibh ann cheana. Tá tionsclaíocht an táirgthe bia, mar shampla, mar chúis imní mór. Trí chineál amháin ainmhí a phórú go dian, táimid i mbaol 'monashaothraithe' a tháirgeadh le beagán inathraitheacht géiniteach. Tá na hainmhithe seo an so-ghabhálach i leith galar a cruthaítear de bharr droch-shláinteachais nó ionfhabhtaithe ó ainmhithe fiáine, ar nós éin. Nuair atá na galair laistigh den mhonashaothrú, is féidir leo só agus scaipeadh go héasca fiú chuig na daoine atá ag obair leis na hainmhithe atá i gceist. Is modh aitheanta anois é ró-úsáid antaibheathaigh chun cúiteamh a dhéanamh d'easnamh na frithsheasmhachta nádúrtha – cleachtas a d'fhéadfadh a fhadhbanna féin a chruthú.

‘Féachann talmhaíocht nua-aimseartha éifeachtach, díreach cosúil le sláinte phoiblí, chuig an eolaíocht agus an leigheas chun freastal ar roinnt de na héilimh a bhaineann le domhan domhandaithe. Cé go bhfuil mórán dúinn tar éis leas a bhaint as talmhaíocht nua-aimseartha de bharr soláthairtí níos saoire agus níos flaithiúla, d’fhéadfadh brúnna agus fadhbanna gan choinne teacht chun cinn as,’ arsa an Dr Marc Sprenger, Stiúrthóir ECDC.

‘Mar shampla, mar thoradh ar úsáid fairsing antaibheathaigh sa talmhaíocht, d’fhéadfadh siad laghdú ó thaobh éifeacht de réir mar a éiríonn baictéir níos frithsheasmhaí, rud a d’fhéadfadh cur isteach ar dhaoine chomh maith,’ arsa an Dr Sprenger.

## Nascacht i ré an athraithe aeráide

Tá speicis agus galair nua a thiocfaidh chun na hEorpa ar chuid de na tionchair sláinte a bhainfidh le hathrú aeráide. D’fhéadfadh cuid mhaith tionchair timpeallachta agus shóisialta eile cur isteach ar shláinte daoine i ndeireadh na dála trí athruithe ar chaighdeán agus ar chainníochtú an uisce, an aeir agus an bhia, chomh maith le pátrúin aimsire, éiceachórais, talmhaíochta agus slite beatha atá athraithe.

D’fhéadfadh athrú aeráide na fadhbanna timpeallachta atá ann cheana a dhéanamh níos measa chomh maith, amhail truailliú aeir agus cur isteach ar sholáthairtí uisce agus seirbhísí sláintíochta atá inbhuanaithe.

Thaispeáin an tonn teasa a tharla san Eoraip i samhradh 2003 ina bhfuair breis is 70,000 duine bás, thaispeáin sé an gá atá le dul i dtaithí ar aeráid atá ag athrú. Is iad seandaoine agus daoine a bhfuil galair áirithe orthu is mó atá i mbaol agus tá grúpaí

### Nuálaíocht: comhshaol agus sláinte

### Cuirfear feabhas ar cháilíocht an aeir trí hiarrachtaí chun athrú aeráide a chomhrac

Is é is aidhm do phacáiste Aeráide agus Fuinnimh In-athnuaite an Aontais Eorpaigh (CARE) ná:

- astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú faoi 20% faoi 2020
- sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi 20% faoi 2020
- éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 20%faoi 2020.

Cabhróidh na hiarrachtaí a theastaíonn chun na spriocanna seo a chomhlíonadh truailliú an aeir san Eoraip a laghdú freisin. Mar shampla, beidh sé mar thoradh ar fheabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid mhéadaithe fuinnimh in-athnuaite go laghdófar dó breoslaí iontaise – rud is príomhchúis le truailliú aeir. Tagraítear do na fo-iarmhairtí dearfacha seo mar ‘chomhbhuntáistí’ de bheartas athraithe aeráide.

Meastar go ngearrfaidh an pacáiste thuas an costas bliantúil ar bhaint amach spriocanna an AE maidir le truailliú aeir ar luach na mbilliún euro. Agus d’fhéadfadh an coigilt i seirbhísí sláinte na hEorpa a bheith chomh mór le sé huaire níos mó.

daoine díothacha níos leochailí. Sna ceantair uirbeacha chúnga ina bhfuil cuid mhaith de shéalú ithreach agus dromchlaí a ionsúnn an teas, d'fhéadfadh éifeachtaí tonnta teasa a bheith géaraithe mar gheall ar fhuarú neamhleor san oíche agus sruthanna aeir atá lag.

Maidir le daonraí san AE, meastar go méadóidh líon na mbásanna ar ráta 1-4% in aghaidh gach méadú céim teochta os cionn scothphointe (a bhainfeadh le háit ar leith). I rith na 2020idí, d'fhéadfadh an méadú measta ar bhásanna den teas a bheadh mar thoradh ar athrú aeráide réamh-mheasta dul os cionn 25,000 in aghaidh na bliana, go háirithe i lár agus i ndeisceart na hEorpa.

'Is gá go bhforbródh an plé a nascann sláinte, úsáid talún, talmhaíochta, turasóireacht, trádáil agus athrú aeráide ar bhealach samhlaíoch. Is maith an seans nach bhfuilimid ag nascadh sláinte an phobail leis an timpeallacht ná athrú aeráide go cuí faoi láthair,' arsa an Dr Sprenger.

'Mar shampla, thug mé cuairt ar roinn sláinte le déanaí agus d'iarr mé orthu cé a bhí i gceannas ar cheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide agus dúradh liom nach raibh a leithéid de dhuine ann. Níl mé ag tabhairt breithiúnais ar roinn ná ar údarás ar leith, ach léiríonn sé gur gá dúinn an chaoi a mbímid ag smaoineamh faoi na fadhbanna seo a athrú, ós rud é go bhfuil siad go léir nasctha, ' arsa an Dr Sprenger.

'Is gá go n-athródh córais sláinte an phobail agus go mbeidís oscailte d'fhéidearthacht dálaí nua galar agus aeráide. D'fhéadfaí diagnóisiú mícheart a dhéanamh ar dhaoine faoi láthair toisc nach bhfuil a ndochtúir eolach ar víreas nua. Is iomaí ceann acu a bhfuil cuma an fhliú orthu. Tá gá againn le huirlisí nua le déileáil leis na dúshláin nua, amhail oiliúint, agus is gá go mbeidh áiseanna amhail saotharlanna solúbtha agus inoiriúnaithe, a deir sé.

Tabhairt cuairt ar shuíomh gréasáin an ECDC: **www.ecdc.europa.eu**

Má tá tuilleadh eolais chomh maith le liosta iomlán tagairtí uait, féach ar *Sintéis SOER 2010*.

Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin Signals, áit a bhfuil agallamh iomlán an Dr Sprenger : **www.eea.europa.eu/signals**


## Speicis ionracha

Tá muiscít thíograch na hÁise nó *Aedes albopictus* ar cheann de na samplaí is forleithne de 'speiceas ionrach'. Tá an raon traidisiún ann ón bPacastáin go dtí an Chóiré Thuaidh. Tá sí le fáil ar fud an domhain anois agus cuireadh síos uirthi mar 'an mhuiscít is ionraí dá bhfuil ann ar domhan'.

Tá an mhuiscít mar shampla amháin de bhagairt i bhfad níos leithne do bhithéagsúlacht na hEorpa, de réir mar a lonnaíonn agus a scaipeann speicis chomhthíocha nó neamhdhúchasacha ar fud na hilchríche mar thoradh ar ghníomhaíochtaí daonna. Tá speicis choimhthíocha le fáil sna héiceachórais Eorpacha ar fad. Tá sé mar thoradh ar dhomhandú, go háirithe trádáil agus turasóireacht mhéadaithe, go bhfuil méadú ar líon agus ar chineálacha na speiceas coimhthíoch atá ag teacht go dtí an Eoraip.

Tá thart ar 10,000 speiceas coimhthíoch cláraithe san Eoraip. Rinneadh iarracht speicis áirithe, cosúil leis an bpráta agus an tráta, a fhás d'aon turas agus baineann tábhacht eacnamaíoch leis na speicis seo go dtí an lá atá inniu ann fiú. Is féidir le speicis eile, rudaí ar a dtugtar 'speicis choimhthíocha ionracha', is féidir leo fadhbanna tromchúiseacha a chruthú do gharraíodóireacht, talmhaíocht agus foraoiseacht mar veicteoirí galar nó trí dhamáiste a dhéanamh do dhéanmhais amhail foirgnimh agus dambaí.

Chomh maith leis sin, athraíonn speicis choimhthíocha ionracha na héiceachórais ina bhfuil cónaí orthu agus bíonn tionchar acu ar na speicis eile sna héiceachórais sin. Aithníonn Coinbhinsiún na NA ar Bhithéagsúlacht speicis choimhthíocha ionracha mar cheann amháin de na bagairtí móra ar bhithéagsúlacht ar fud an domhain.



# Mór-threocht domhanda Earth 2050: pátrúin na ngalar ag athrú

Méadaíonn an seans nochta do ghalair nua, éiritheacha agus ath-éiritheacha, do thimpistí agus do phaindéimí nua de réir mar a mhéadaíonn soghluaisteacht na ndaoine agus earraí, athrú aeráide agus bochtaineacht.

Tá an tsláinte ríthábhachtach d'fhorbairt dhaonna agus is mó an breithniú a dhéantar ar an timpeallacht anois mar phríomhfhachtóir a imríonn tionchar ar shláinte na ndaoine. Go domhanda, tá feabhsú tagtha ar an tsláinte le scórtha bliain anuas, rud atá i gcomhréir cuid mhaith le hionchas saoil feabhsaithe. Ach tá an t-ualach galar dáilte go héagothrom ar fud an daonra, agus éagsúlacht ann idir inscne agus stádas sóisialta agus eacnamaíoch mar shampla.

Sa chaoga bliain amach romhainn, beidh bainteacht dhíreach agus indíreach ag mór-threochtaí sláinte domhanda le ceapadh polasaí na hEorpa, go háirithe trí infheistíocht a spreagadh in ullmhú do ghalair agus do phaindéimí éiritheacha.

## Cén fáth a bhfuil pátrúin sláinte domhanda tábhachtach duitse?

D'fhéadfadh tionchair dhíreacha sláinte ar an Eoraip a bheith i gceist. Méadaíonn an priacal nochta do ghalair nua, éiritheacha agus ath-éiritheacha, do thimpistí agus do phaindéimí nua le domhandú (trí thaisteal agus trádáil, mar shampla) dinimic daonra (amhail imirce agus dul in aois), chomh maith le bochtaineacht.


Is ábhar buartha é an imdhíonacht bhorrach ar antaibheathaigh agus drugaí eile agus failí i ndul i ngleic le cuid mhaith galar trópaiceach chomh maith i dtíortha forbartha agus i mbéal forbartha araon.

Az újonnan kialakuló, újonnan megjelenő, illetve újból megjelenő betegségeknek, a baleseteknek és az új járványoknak való kitettség lehetősége a személyek és áruk megnövekedett mobilitása, a klímaváltozás és a szegénység hatására egyre nő.

D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag teicneolaíocht i dtacú le feabhsuithe ar shláinte. D'fhéadfadh sé monatóireacht spásúil a éascú ar phátrúin sláinte a éascú chomh maith, rud a ligfeadh do léarscáiliú agus anailís ar phátrúin gheografacha galar nár tugadh faoi deara roimhe seo tarlú.

## Graf 2: Sláinte, maláire faoi 2050

Is seadán é *Plasmodium falciparum* is cúis le maláire i measc daoine. Bíonn sé á tharchur ag muiscítí. Ciallaíonn athrú ar dhálaí aeráide agus úsáide talún go bhféadfadh an mhuiscít scaipeadh go ceantair nua, rud a thabharfadh maláire leis. Ach d'fhéadfadh deireadh teacht leis sna ceantair ina bhfuil sé faoi láthair chomh maith. Tá an ceantair ina bhfuil sé ag eascairt agus na ceantair in bhfuil deireadh ag teacht leis beagnach mar an gcéanna agus tá thart ar an méid céanna áitritheoirí iontu (thart ar 400 milliún sa dá chás).



Dáileadh reatha na maláire *falciparum*[1]

Aeráid mhí-oiriúnach don veicteoir agus seadán faoi 2050 (áit a bhféadfadh an mhaláire imeacht ar neamhní)

Aeráid oiriúnach don veicteoir agus seadán faoi 2050 (áit a bhféadfadh an mhaláire teacht chun cinn)[2]

(1) Is seadán é *Plasmodium falciparum* gur cúis le maláire i measc daoine. An mhuiscít Anopheles a tharchuireann é. Is ionann an dáileadh reatha agus uasmhéid de chuid dáileadh an tseadáin agus a veicteora.

(2) Tá na limistéir ina bhfuil sé ag teacht chun cinn agus ina bhfuil deireadh ag teacht leis beagnach i gcomhionannas lena chéile agus tá thart ar an líon céanna áitritheoirí iontu (thart ar 400 milliún i ngach ceann acu). Tá na toimhdí seo bunaithe ar an gcás ard-aeráide HadCM2.

Foinsí: Rogers, D. and Randolph, S., 2000, The Global Spread of Malaria in a Future, Warmer World; Ahlenius, H., 2005, UNEP/GRID-Arendal Leabharlann Léarscáileanna agus Grafaicí.

# 3. AG ROINNT SHAIBHREAS AN DÚLRA




NATION

# 3. AG ROINNT SHAIBHREAS AN DÚLRA

**As an 8.2 billiún tonna ábhair a caitheadh i 27 tír an AE i rith 2007, bhí 52% i gceist le mianraí, 23% i gceist le breoslaí iontaise, 21% i gceist le bithmhais agus 4% le miotail.**

*SOER 2010*

Bíonn na mílte trucail ag taisteal thar bráid i stát Orissa, áit atá suite le cois Bhá Bheangál agus é na mílte ciliméadar ón Eoraip. Seo an India Thoir, foinse cháiliúil shaibhreas mianraí na hIndia agus foinse mhór ábhar d'fhás tionsclaíoch domhanda san am atá caite. Tá an saibhreas mianraí sa chuid seo den India ar cheann de na foinsí is luachmhaire ar domhan go fóill agus níl ach tús curtha lena réabhlóid thionsclaíoch.

Tá go leor le cailleadh ag na daoine treibheacha a bhfuil cónaí orthu san fhoraois anseo, ach is beag rud atá le gnóthú acu. Níl na treibheanna foraoise á gcosaint go maith – níor leagadh síos a gcearta agus níor aithníodh i gceart iad. I sráidbhaile bheag treibheach atá suite go domhain sna foraoisí atá mar bhrat ar dhúiche Gajapati, tá cónaí ar an lánúin phósta Gangi Bhuyan agus a fear céile Sukru Bhuyan chomh maith lena clann óg, san fhoraois agus thart timpeall uirthi.

Bíonn a gclann á cothú acu ar feadh thart ar chúig mhí den bhliain ó cheapach talún faoi bhun leathacra a bhíonn á shaothrú acu ar imeall na foraoise atá thart timpeall ar Raibada, an sráidbhaile ina bhfuil cónaí orthu. Bíonn glasraí, síolta, torthaí, cógais agus ábhair thógála (cosúil le féar) á mbaint acu freisin i rith an ama seo ón bhforaois. Ar feadh tréimhse eile ceithre mhí, is é seo an príomhsholáthar bia atá acu. Gheobhaidís bás den ocras murach an fhoraois. Is gá dóibh dul ar imirce ar feadh na dtrí mhí atá fágtha go dtí ceantair uirbeacha móra amhail Bangalore nó Mumbai, áiteanna a mbíonn siad ag obair mar spailpíní.

## Saibhreas faoin talamh – bochtaineacht os a cionn

Tá cuid mhaith mianraí éagsúla le fáil in Orissa, áit atá suite i leithinis India Thoir ar Bhá Bheangál. Go deimhin, aithnítear an stát mar cheann de na stáit is saibhre sa tír ó thaobh acmhainní de. Ó thaobh caighdeáin de, meastar na mianraí in Orissa a bheith ar chuid de na cinn is fearr ar domhan.

Agus lear mór acmhainní ann nach bhfuil mórán saothraithe déanta orthu amhail gual, amhiarann, báicsít, cróimít, aolchloch, dolaimít, mangainéis, eibhear, stán, nicil, vanaidiam agus geamchlocha, tá dul chun cinn ollmhór tionsclaíoch ar siúl sa stát faoi láthair. Maidir le mianraí áirithe, tá cuid mhaith d'acmhainní an domhain le fáil in Oirissa chomh maith, ní hamháin ó thaobh cainníochta ach ó thaobh caighdeáin de chomh maith. Sin an fáth a bhfuil fonn chomh mór sin ar chomhlachtaí idirnáisiúnta a bheith in ann teacht orthu.

Úsáidtear cuid de na mianraí san India, ach úsáidtear cuid mhaith acu i dtíortha eile: An tSín, an tSeapáin, an Afraic Theas, an Rúis, an Chóiré, an Téalainn, an Mhalaeisia, an Indinéis, an Úcráin, Neipeal, na Stáit Aontaithe agus ar ndóigh, an tAontas Eorpach (Ota, A.B., 2006).

## Éasclínte an tsaoil dhomhanda

Is léiriú é Orissa, áit a bhfuil saibhreas faoin talamh ach bochtaineacht os a cionn, is léiriú é ar roinnt éasclínte sa saol domhanda. Tháinig éagothroime, an t-éileamh gan staonadh ar acmhainní nádúrtha agus imirce éigeantach le chéile anseo. Cé go bhfuil tairbhí eacnamaíocha ann don cheantar in Orissa ó mhianadóireacht, ní roinntear na torthaí seo go cothrom. Tá costais atá rómhór ar na treibheanna foraoise toisc go bhfuil a n-áiteanna cónaithe i mbaol de réir mar a dhéanann comhlachtaí mianadóireachta iarrachtaí níos mó le teacht ar a dtalamh.

Tá seasca faoin gcéad de dhaonraí treibheacha Orissa ina gcónaí ar thalamh a bhfuil an saibhreas mianraí fúithi. Ach go traidisiúnta, níl aon taifead ar a gcearta i leith na talún seo. Tá sé ag tarlú le fada an lá go mbíonn daoine treibheacha á n-easáitiú ar mhaithe le tionscadail forbartha eacnamaíche a chumasú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí mianadóireachta. Ach tá athrú tagtha ar scála an easáitithe le blianta anuas agus tá méadú déanta ar mhéid agus ar scaipeadh an easáitithe ó 1991 le forbairtí eacnamaíocha (Ota, A.B., 2006).



## Tionchair mhéadaitheacha de chuid úsáid acmhainne na hEorpa

Táimidne san Eoraip ag brath go mór ar acmhainní nádúrtha chun ár bhforbairt agus ár saibhreas eacnamaíoch a chothú. Tá ár n-úsáid acmhainní níos mó ná an méid atá ar fáil go háitiúil anois agus bímid ag brath ar acmhainní ó áiteanna eile ar domhan ar bhonn méadaithe.

Déanta na fírinne, tá breis is 20% de na hamhábhair a úsáidimid san Eoraip á n-allmhairiú. Agus úsáidimid i bhfad níos mó amhábhar go hindíreach, ós rud é go mbíonn earraí táirgthe á n-allmhairiú againn ó áiteanna eile chomh maith.

Tá ár spleáchas ar allmhairí thar a bheith tromchúiseach ó thaobh breoslaí agus táirgí mianadóireachta de. Ach is allmhaireoir glan farae agus gránach í an Eoraip chomh maith le haghaidh táirgeadh feola agus déiríochta san Eoraip. Agus tá breis is leath de sholáthairtí éisc an AE á n-allmhairiú; tar éis dúinn ár stoic éisc féin a ídiú, tá an rud céanna á dhéanamh againn in áiteanna eile.

Bíonn tionchar ag na brúnna timpeallacht a bhaineann le baint acmhainní agus cruthú earraí trádála, amhail an dramhaíl a chruthaítear nó an t-uisce agus an fuinneamh a úsáidtear, bíonn tionchar acu seo ar na tíortha bunaidh. D'fhéadfadh tionchair mhóra acmhainní a bheith i gceist – maidir le ríomhairí nó fóin póca, d'fhéadfaidís a bheith ar scála atá i bhfad níos mó ná an táirge féin. Ach is annamh a bhíonn a leithéid de bhrúnna san áireamh sna praghsanna ná i gcomharthaí eile a threoraíonn cinnteoireacht tomhaltais, in ainneoin a dtábhachta.

Sampla eile de na hacmhainní nádúrtha atá bainteach go dlúth le táirgí trádála ná an t-uisce a mbíonn gá leis i gcuid mhaith réigiún le haghaidh cuid mhaith táirgí bia agus gairbhí a bhíonn á n-onnmhairiú. Bíonn sé mar thoradh ar a leithéid de tháirgeadh go mbíonn onnmhairiú indíreach acmhainní uisce ar siúl, rud a bhíonn intuigthe go minic. Mar shampla, tá 84% d'úsáid uisce an AE a bhaineann le cadás taobh amuigh den AE, go háirithe i réigiúin ina bhfuil uisce gann, ina mbíonn uisciú dian á dhéanamh.

Léigh tuilleadh agus aimsigh liosta iomlán tagairtí sa SOER 2010:
**www.eea.europa.eu/soer/synthesis**

## Áit a shreabhann tairbhí an dúlra

Tá úsáid acmhainní nádúrtha nasctha le réimse ceisteanna timpeallachta agus socheacnamaíocha.

Tugann Eacnamaíochtaí Éiceachóras agus Bithéagsúlachta (próiseas TEEB), rud atá ina anailís mhór ar shuntas eacnamaíoch domhanda na bithéagsúlachta, tugann sí léargas ar na naisc idir caillteanas bithéagsúlachta agus bochtaineacht.

Bhí lucht taighde TEEB ag iarraidh na tairbhithe láithreacha a bhaineann leas as cuid mhaith de na seirbhísí éiceachóras agus bithéagsúlachta a aithint. 'Is é an freagra', a scríobh Pavan Sukhdev, atá ina Cheann ar Thionscnamh Geilleagair Ghlais an UNEP 'gurb iad na bochtáin is mó atá i gceist '. Is iad na slite beatha is mó a bhíonn thíos leis ná feirmeoireacht leorchothaitheach, riar ainmhithe, iascaireacht agus foraoiseacht neamhfhoirmiúil – tá an chuid is mó de bhochtáin an domhain ag brath orthu (EC, 2008).

Tá impleachtaí tromchúiseacha ag baint leis an gcaillteanas bithéagsúlachta san India do mhná, ós rud é go mbíonn drochthionchar mór aige ar a ról mar bhailitheoirí san fhoraois. Tá taifead déanta i dtuarascálacha staidéir a rinneadh ar réigiún threibheacha Orissa agus Chattisgarh ar an gcaoi go raibh caillteanas slite beatha mar thoradh ar dhífhoraoisiú, toisc go mbíonn ar mhná siúl ceithre oiread chomh fada chun torthaí na foraoise a bhailiú agus ar an gcaoi nach bhfuil ag éirí leo teacht ar luibheanna leighis atá ídithe. Is é an caillteanas seo is cúis le laghdú ioncaim, méadú ar mheirse agus bíonn tionchar aige ar shláinte choirp. Tá fianaise ann chomh maith ar stádas níos airde a bheith ag mná sa teaghlach i gceantair ina bhfuil foraoisí móra, áiteanna a bhfuil a gcion don ioncam teaghlaigh níos mó ná mar atá i sráidbhailte nach bhfuil aon acmhainní nádúrtha iontu. (Sarojini Thakur, 2008)

Is minic go mbímid scoite amach ó thionchair dhíreacha an díghrádaithe timpeallachta anseo san Eoraip, go gearrthéarmach ar a laghad. Ach d'fhéadfadh tionchair thromchúiseacha a bheith aige ar bhochtáin atá ag brath go díreach ar an timpeallacht chun bia agus foscadh a fháil. Is minic go mbíonn an t-ualach is mó ó scrios na gcóras nádúrtha ar na daoine is laige sa tsochaí agus is beag tairbhe a bhaineann siad as, ag an am céanna.

Is gnách go meastar caillteanais bhliantúla chaipitil nádúrtha mar roinnt bheag pointí céatadáin den OTI, méid nach bhfuil róshásúil. Ach má dhéanaimid athscríobh orthu seo i dtéarmaí daonna agus é bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais agus ar an eolas atá againn ar an dream a bhaineann leas as tairbhí an dúlra – .i. na bochtáin – neartaítear an argóint ar son a leithéid de chaillteanais a laghdú cuid mhaith.

Baineann an pointe seo le háiteanna ar fud an domhain. Baineann sé le ceart bhochtáin an domhain chun sruthanna slí beatha ó dhúlra a chuimsíonn leath dá leas nó níos mó agus nach mbeidís in ann rud eile a chur ina áit (CE, 2008).



## Caipiteal nádúrtha agus seirbhísí éiceachórais

Tá coincheapa an ‘chaipitil nádúrtha’ agus ‘seirbhísí éiceachórais’ ag croílár an phlé ar chaidreamh an chine dhaonna leis an timpeallacht. Má theastaíonn uainn tuiscint a fháil orthu, is fiú machnamh a dhéanamh ar an méid a dhéanann córais nádúrtha dúinn i ndáiríre.

Féach foraoisí, mar shampla. Is féidir le foraoisí cuid mhaith cineálacha bia a sholáthar: torthaí, mil, beacáin, feoil agus mar sin de. Má dhéantar bainistiú ceart orthu, is féidir leo sruth inbhuanaithe acmhainní a sholáthar chomh maith don gheilleagar, amhail adhmad. Ach déanann foraoisí cuid mhaith eile chomh maith. Mar shampla, cabhraíonn crainn agus fásra le cinntiú go bhfuil aeráid shláintiúil ann go háitiúil agus go domhanda trí thruailleáin agus gáis cheaptha teasa a ionsú. Déanann ithreacha foraoise dreo ar dhríodar agus íonú ar uisce. Agus is minic go mbíonn daoine ag taisteal i bhfad chun taitneamh a bhaint as áilleacht agus suaimhneas na bhforaoisí, nó le bheith páirteach i gcaitheamh aimsire, amhail fiach.

Tá na seirbhísí seo go léir – a sholáthraíonn bia agus gairbhseach, a rialaíonn an aeráid agus mar sin de – tá siad go léir luachmhar. Bheadh cuid mhaith á híoc againn as meaisíní a dhéanfadh an rud céanna. Ar an bhfáth sin, ba chóir dúinn smaoineamh ar éiceachórais mar chineál caipitil a sholáthraíonn seirbhísí don úinéir agus do dhaoine eile atá in aice leis nó i bhfad uaidh go minic chomh maith (ó thaobh rialú aeráide de). Tá sé ríthábhachtach go gcoinneoimis ár gcaipiteal nádúrtha – nach ndéanfaí róshaothrú ná ró-thruailliú ar an éiceachóras – má tá sé le leanúint ar aghaidh ag soláthar na seirbhísí seo atá thar a bheith luachmhar.

## Luach na bithéagsúlachta inár bhforaoisí

Is é an príomhfháth go gcailltear bithéagsúlacht foraoise ná nach dtuigtear i gceart an luach a bhaineann léi. Mar shampla is gnách go nglactar cinneadh aon heicteár amháin d'fhoraois a bhfuil bithéagsúlacht shaibhir inti a iompú chun críocha ailtireachta nó tógála ar bhunús na dtairbhí láithreachta atá le baint amach. Ní thugtar mórán airde ar na seirbhísí éiceolaíochta iomaí nach féidir a thomhas a chuireann na héiceachórais sin ar fáil.

## Leigheas i bhforaoisí na hIndia

I dteannta le flóra agus fána saibhir, tá ceann de na hoidhreachtaí is saibhre de phlandaí míochaine ag an India. Baineann muintir na hIndia úsáid as tuairim is 8,000 speiceas de phlandaí chun críocha leighis agus is as na foraoisí a thagann 90-95% díobh. Níl doiciméadú oifigiúil déanta ach ar níos lú ná 2,000 de na plandaí sin i gcóras leighis na hIndia. Níl doiciméadú déanta ar fhaisnéis mar gheall ar an gcuid eile ach scaiptear é trí bhéal agus mar eolas traidisiúnta. Ní úsáidtear ach 49 speiceas i leigheas an lae inniu.

Cineál árachais i gcoinne galair dhaonna – corp eolais ina gcoimeádtar leigheasanna féideartha le haghaidh galar mar ailse nó SEIF – atá sa bhithéagsúlacht. Mar shampla, tá druga a úsáidtear chun maláire a chomhrac le fáil i gcoirt an chrainn cinchona. Faraor géar, is minic nach dtuigimid an méid a chailleann an tsochaí nuair a théann speiceas in éag.

Tá an t-alt seo bunaithe ar an tuarascáil *Cuntasaíocht ghlas do thionscadal na stát Indiach: luach na bithéagsúlachta i bhforaoisí na hIndia* [Green accounting for Indian states Project: the value of biodiversity in India's forests] (Gundimeda et al., 2006).

## An cumhacht chun fanacht socair

Is minic go mbíonn gluaiseacht i gceist le domhandú – maidir le daoine, earraí, saibhreas agus eolas, mar shampla. Ní shamhlaítear fanacht socair ná fanacht san áit a bhfuil tú mar chearta daonna a chuirtear chun tosaigh de ghnáth. Ach seo an mhian atá ag muintir foraoise Orissa agus cuid mhaith daoine eile: go mbeidís in ann fanacht san áit a bhfuil siad, áit a bhfuil bia agus foscadh acu, chomh maith le teagmháil lena muintir féin agus lena ngaolta treibheacha. Áit ar bhraith na glúine go raibh siad slán sábháilte.

Go deimhin, de réir mar a bhogann lear mór daoine i dtreo na gcathracha agus na gceantar uirbeach, ba chóir dúinn smaoineamh ar dhaoine a chumhachtú le fanacht san áit a bhfuil siad.

## Finne Súl: an tAcht um Chearta Foraoise – ag tabhairt cumhachta dóibh siúd atá gan chumhacht

Cé go bhfuil tionsclaíocht thapa ar siúl tá dóchas ann do threibheacha foraoise Orissa. Ar 1 Eanáir 2000, thug Parlaimint na hIndia feidhm don Acht um Chearta Foraoise, aon bhliain amháin tar éis é a rith ar dtús. Leis an Acht tugtar an ceart do chónaitheoirí foraoise seilbh dhleathach a éileamh ar an talamh a bhfuil cónaí orthu air agus atá á shaothrú acu leis na blianta fada.

'Tá sé an-tábhachtach daoine a choimeád ar an talamh sna háiteanna a bhfuil siad lonnaithe iontu le fada an lá. Nuair a imíonn siad uathu, cailleann siad sláine an tsráidbhaile. Fulaingíonn an fhoraois freisin toisc go gcailleann sí a cuid caomhnóirí agus go mbíonn sí i mbaol forbartha agus scriosta. Bristear na naisc shóisialta freisin,' a deireann Dipankar Datta, an Bainisteoir ar Stiúrthóirí Tíre le haghaidh Concern Worldwide – gníomhaireacht chabhrach idirnáisiúnta atá ag obair sa cheantar.

Le cabhair ó go leor gníomhaireachtaí neamhrialtasacha, rinne Gangi agus Sukru Bhuyan (a luadh thuas) éileamh faoin Acht um Chearta Foraoise chun aitheantas a thabhairt dá gceapach thalún beag. Níl freagra faighte acu go fóill. Tá freagra faighte ag a gcomharsa Mohan Mandol. Dá bharr sin tá teideal lannach dá cheapach ina sheilbh aige. 'Tugann sé slándáil dom. Ní fhéadann éinne breabanna a lorg uaim ná díshealbhú a bhagairt orm,' a deireann sé.

Freisin tá comhiarratas déanta ag an sráidbhaile ar chearta chun na coda sin den fhoraois áit a mbailíonn siad bia, ábhair thógála agus soláthairtí míochaine. Níl ceart comhchoiteann faighte acu fós agus mar sin tá siad fós i mbaol ciaptha ó oifigigh fhoraoise, ón rialtas áitiúil agus ó chomhlachtaí mianadóireachta.

Déantar talamh a dheonú faoin Acht um Chearta Foraoise ar an gcoinníoll go dtabharfadh an duine aonair nó an sráidbhaile aire don talamh. Is féidir an teideal a chur ar aghaidh go baill teaghlaigh ach ní féidir é a dhíol.

'Is amhlaidh go mbaineann na foraoisí leas as na grúpaí treibhe a bheith i láthair iontu. Is gnách go saothraíonn siad píosa beag talún ar thailte íochtair ar imeall na foraoise ach ní dhéanann siad fómhar ach ar an méid atá ar fáil san fhoraois gan plandáil a dhéanamh ná dochar a dhéanamh do na plandaí atá ann cheana féin,' a deir Sisir Pradhan, atá ag obair do Concern Worldwide in Orissa freisin.



## Mór-threocht domhanda Earth 2050: iomaíocht dhomhanda níos dlúithe le haghaidh stoc acmhainní laghdaithe

Conas a thiocfaidh an Eoraip slán agus an iomaíocht le haghaidh acmhainní tearca ag éirí níos géire i gcónaí? D'fhéadfadh gurb é an réiteach is fearr ná bheith níos éifeachtúla ó thaobh táirgthe agus úsáid acmhainní, chomh maith le teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht, agus níos mó comhoibrithe a dhéanamh le comhpháirtithe eachtracha.

### Cén fáth a bhfuil acmhainní tábhachtach duitse?

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain dhaingean ar acmhainní ag an Eoraip. Tá acmhainní na hEorpa réasúnta tearc agus bíonn uirthi go leor acmhainní a iompórtáil. Is amhlaidh é sin ach go háirithe nuair a dhéantar talamh slán de go leanfaidh an t-éileamh ar fhuinneamh chomh maith leis na hacmhainní a theastaíonn chun réitigh ardteicneolaíochta a chur ar fáil ar aghaidh ag dul i méid.

**Amhábhair (mianraí, mar shampla):** Má éiríonn mianraí agus miotail níos teirce ar bhunús fadtéarmach, d'fhéadfadh go mbeadh ar an Eoraip muinín a chur i bhfoinsí ar measadh gur foinsí neamheacnamaíocha iad anuas go dtí seo. Téann an méadú ar mhianadóireacht i bhfeidhm ar an gcomhshaol ar go leor bealaí, lena n-áirítear tírdhreacha a athrú, uisce a thruailliú agus dramhaíl a ghineadh. Má éiríonn cáilíocht na gcúltaiscí mianra níos measa d'fhéadfadh nach mbeadh sé chomh tíosach ar fhuinneamh foinsí den sórt sin a shaothrú.

**Acmhainní nádúrtha (barra bia, mar shampla):** Toisc go mbeidh daonra níos mó, níos saibhre againn faoi 2050 tugtar le tuiscint go mbeidh an t-éileamh ar tháirgeadh talmhaíochta a dhá oiread agus atá sa lá atá inniu ann. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin maidir le: caillteanas éiceachóras nádúrtha, dochar do sheirbhísí éiceachórais lena n-áirítear timthriall carbóin agus uisce, agus an tionchar ar sholáthar bia agus gairbhsí.

**Teachtaireacht lárnach: Tá stoc acmhainní nádúrtha an domhain ag dul i laghad cheana féin.** **Toisc go bhfuil daonra an domhain ag éirí níos mó agus níos saibhre agus go bhfuil a chuid riachtanas tomhaltais ag dul i méid beidh an t-éileamh ar go leor rudaí, bia, uisce agus fuinneamh ina measc, ag éirí níos mó.**


**D'fhéadfadh go n-éireodh an iomaíocht dhomhanda le haghaidh acmhainní níos dlúithe amach anseo, mar thoradh ar an méadú ar éileamh agus an laghdú ar sholáthar.**

*SOER 2010: measúnú téamach – tomhaltas agus an comhshaol*

**Graf 3: Achar athraithe feirme**

D'fhéadfadh go dtiocfadh méadú suntasach ar dhaonra an domhain leis na deichniúir atá romhainn agus de réir mar a théann an saibhreas i méid tá aistí bia ag aistriú ó ghránaigh go feoil. Tá impleachtaí suntasacha ag baint leis sin ó thaobh úsáid talún agus éiceachóras nádúrtha de.

Le haghaidh breis faisnéise féach: Mór-threochtaí domhanda: laghdú ar stoic na n-acmhainní nádúrtha: **www.eea.europa.eu/soer/europe-and-the-world/megatrends**




Foinse: ECFE, 2008, Forbhreathnú Comhshaoil an ECFE go 2030.

# 4. TOMHALTAS NEAMH-INBHUANAITHE





ENGLISH RESTAURANT
AIR CONDITIONED
PORTER
1979
CHRIS
IS CO
THE G
IS GETT
ROAST
& TRIM
'HOW

# 4. TOMHALTAS NEAMH-INBHUANAITHE

**Teachtaireacht lárnach: Cúis lárnach go mbíonn tionchar dearfach ag tomhaltas ar an gcomhshaol agus go mbíonn sé freagrach as ró-úsáid acmhainní ná nach léirítear go hiomlán i bpraghsanna earraí agus seirbhísí na costais a fhulaingíonn an tsochaí mar thoradh ar mheathlú comhshaoil agus acmhainní. Bíonn go leor earraí saor cé go ndéanann siad dochar don chomhshaol, d'éiceachórais nó do shláinte an duine.**

SOER 2010

'Thosaigh an deatach ag séideadh thar an bhfeirm go deireanach oíche amháin. Ní raibh sé go deas. Bhí an deatach ag titim ar nós sneachta,' a deir Guðni Þorvaldsson, a ritheann feirm an teaghlaigh i ndeisceart na hÍoslainne, díreach 8 km ó bholcán Eyjafjallajökull.

'Bhí orainn na caoirigh, na huain agus cuid de na capaill a bhogadh istigh. Ba ghá na caoirigh a sheiceáil gach trí huaire toisc go raibh am breithe uan ar siúl. Bhí gach rud liath. Bhí na codanna ba mhó de luaith chomh mór le 3 cm. D'fhág mé lorg coise air amhail is gur sneachta a bhí inti.'

Díol suntais ab ea an t-ullmhúchán maith a bhí déanta ag Guðni Þorvaldsson agus an chuid eile de dhaonra na hÍoslainne le haghaidh bhrúchtadh mór bholcán Eyjafjallajökull i Márta 2010. Déanann córas monatóireachta sofaisticiúil a bhaineann úsáid as teicneolaíocht um shuíomh satailíte domhanda bolcáin ghníomhacha san Íoslainn a thomhas ar bhonn leanúnach. Thug na léamha le tuiscint go raibh an bolcán ag éirí níos airde – comhartha cinnte de ghníomhaíocht bholcánach laistigh den tsliabh. Deimhníodh é sin le gníomhaíochtaí monatóireachta eile. Léiríonn sé sin, agus é curtha in éineacht le córas éifeachtach um fhaisnéis phoiblí, an luach a bhaineann le faisnéis chomhshaoil.

B'fhéidir nach raibh an t-ullmhúchán céanna déanta ag an gcuid eile den domhan. Chuaigh an bolcán i bhfeidhm ar an domhan laistigh de chúpla lá, mar thoradh den chuid is mó ar an scamall mór luaithe a cruthaíodh agus an tionchar a bhí aige ar thrácht aeir. Bhí an luaith ag bogadh idir 20,000 agus 36,000 troigh – an raon airde céanna a mbaineann aerlínéir úsáid aisti. Bhí an t-aerspás dúnta ar fud na hEorpa, agus dá bhí barr sin ní raibh eitiltí a bhí ar an mbealach go hEoraip agus a bhí ag teacht ó áiteanna chomh fada le Sydney, in ann imeacht. Mheas an Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta go raibh thart ar $200 milliún d'ioncam á chailliúint ag aerlínte gach lá.

Bhí beagnach gach tionscal a bhí ag brath ar iompar aeir thíos leis. Sa Chéinia, d'éirigh plandaí, bláthanna agus glasraí a d'fhásadh do mhargadh na hEorpa lofa faoin ngrian millteanach te agus cailleadh na mílte Euro dá bharr sin. Measadh go ndearnadh beagnach deich milliún bláth – rósanna den chuid is mó – a dhiúscairt le linn na chéad chúpla lá tar éis an bhrúchta. Tugadh glasraí, mar lus súgach, brocailí agus pónairí glasa mar bheatha d'eallaí in áit iad a sheoladh chuig boird dinnéir na hEorpa. Bhí soláthairtí de thuinnín úr ó Vítneam agus ó na hOileáin Fhilipíneacha ag éirí gann san Eoraip.

Leis na spéartha uafásach ciúin ar fud na hEorpa in Aibreán 2010 cuireadh i gcuimhne dúinn an oiread trácht aeir a bhíonn ann de ghnáth. Cuireann scéalta faoi bhláthanna agus ghlasraí lofa sa Chéinia i gcuimhne dúinn gurb as áiteanna mar sin a dtagann cuid dár gcuid bláthanna agus glasraí. Go deimhin, léirigh an brúchtadh go soiléir na ceangail idir cuid de na córais lárnacha – idir córais de dhéantús an duine agus córais nádúrtha – a thacaíonn ár sochaí domhandaithe.

## Ár gcos mhór

Tá an Lorg Éiceolaíochta ar cheann de roinnt tomhas a úsáidtear chun an t-éileamh a chuireann an chine daonna ar an bpláinéad a léiriú. Tá teorannacha ag baint leis an lorg ach tá sé réasúnta éasca í a thuiscint mar choincheap: déanann sé meastachán ar an achar talún agus farraige a theastaíonn chun na hacmhainní a úsáidimid a sholáthar agus chun ár gcuid dramhaíola a ionsú.

In 2003 ba é Lorg Éiceolaíochta an Aontais Eorpaigh ná 2.26 billiún heicteár domhanda nó 4.7 heicteár domhanda in aghaidh an duine. I gcomparáid leis sin, ba é achar táirgiúil iomlán na hEorpa ná 1.06 billiún heicteár domhanda nó 2.2 heicteár domhanda in aghaidh an duine (WWF, 2007).

Dá mairfeadh saoránaigh go léir an domhain ar an gcaoi chéanna leis na hEorpaigh, bheadh níos mó ná dhá phláinéad go leith ag teastáil ón gcine dhaonna chun na hacmhainní a dhéanaimid a thomhailt a sholáthar, chun ár gcuid dramhaíola a ionsú agus chun roinnt spáis a fhágáil do speicis fhiáine (WWF, 2007).

**An raibh a fhios agat? Baineann gnáthshaoránach Eorpach úsáid as thart ar cheithre oiread na n-acmhainní i gcomparáid le saoránach san Afraic agus trí oiread an saoránaigh san Áise, ach leath oiread an saoránaigh sna Stáit Aontaithe, i gCeanada nó san Astráil.**

SOER 2010

## Lá Taraimsithe an Domhain

Ceiliúrann Lá Taraimsithe an Domhain an lá san fhéilire nuair is ionann tomhailt acmhainní éiceolaíochta na cine daonna an bhliain sin agus an méid a fhéadann an nádúr a dhéanamh i gcaitheamh 12 mhíosa. Is é an lá a n-ídíonn ár bpáphaicéad agus a dtosaímid ag fáil iasachta ón bpláinéad.

In 2010, mheas Líonra an Loirg Dhomhanda go raibh na seirbhísí éiceolaíochta úsáidte ag an gcine dhaonna faoi 21 Lúnasa – ó $CO_2$ a scagadh go hamhábhair a dhéanamh le haghaidh bia – a d'fhéadfadh an nádúr a sholáthar go sábháilte le haghaidh na bliana sin go léir. Ó 21 Lúnasa go dtí deireadh na bliana, freastalaíodh ar ár gcuid éileamh éiceolaíochta trí stoic acmhainní a laghdú agus gáis cheaptha teasa a charnadh san atmaisféar.

## Ag beathú ár mbéasa

Meastacháin gharbha atá sa 'Lorg Domhanda' agus i 'Lá Foraimsithe an Domhain'. Is féidir linn a bheith cinnte, áfach, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ár n-éileamh ar acmhainní nádúrtha le blianta

beaga anuas. Ba iad na príomhfhachtóirí a chuir leis sin ná an fás ar dhaonra, ar mhaoin agus ar thomhaltas. Tá an chuid is mó d'fhás daonra ar siúl i dtíortha forbraíochta cé go dtagann na leibhéil is airde de mhaoin agus de thomhaltas chun cinn i dtíortha forbartha.

San Eoraip coimeádaimid ár n-easnamh éiceolaíochta – an difríocht idir ár lorg agus ár mbith-thoilleadh – trí hearraí agus seirbhísí a allmhairiú ó áiteanna lasmuigh dár dteorannacha. Freisin déanaimid cuid dár gcuid dramhaíola a onnmhairiú. Go bunúsach, táimid ag brath níos lú orainn féin, diaidh ar ndiaidh.

Mar thoradh ar an méadú ar thrádáil dhomhanda, mothaítear riar níos mó den bhrú agus den tionchar ar an gcomhshaol de bharr tomhaltais i dtíortha an AE in áiteanna eile. Cé go dtarlaíonn cuid den aistriú seo idir tíortha AE, tá cuid mhór ar siúl lasmuigh den AE agus tá sé lasmuigh de théarmaí tagartha beartais reatha an AE a bhaineann le táirgeadh. Ciallaíonn sé sin go bhfuil tionchair ár dtomhaltais á n-onnmhairiú againn chuig tíortha áit ar minic go mbíonn an beartas comhshaoil tearcfhorbartha – is é atá ar siúl go héifeachtach ná go bhfuil brú millteanach á chur ar na daonraí áitiúla agus ar an gcomhshaol.

Tá ár n-éileamh ag dul i bhfeidhm ar bhealach mór agus dochúlaithe ar éiceachórais an domhain: Tá 130,000 km$^2$ d'fhorais thrópaiceach bháistí á nglanadh gach bliain. Ina theannta leis sin, ó 1960 tréigeadh nó folmhaíodh trian de thalamh feirme an domhain mar thoradh ar róshaothrú agus ar dhíghrádú ithreach. *

## Ag briseadh an timthrialla

Ní mór dúinn cothrom níos fearr a bhaint amach idir an gá le maoin nádúrtha a chaomhnú agus í a úsáid chun an geilleagar a chothú. Freagra lárnach anseo é úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní. Chun go dtuigfimis nach féidir leanúint ar aghaidh lenár gcuid éileamh ar chórais nádúrtha, is é nach mór dúinn a dhéanamh go bunúsach ná níos mó úsáide a bhaint as níos lú acmhainní.

Ábhar spreagtha é gur réimse í seo áit a bhfuil leasanna na n-earnálacha comhshaoil agus tráchtála ar chomhréim: éiríonn le gnóthaí nó teipeann orthu ar bhunús a gcumais an leas is mó a bhaint as ionchuir, ar an gcaoi chéanna a mbraitheann leas na cine daonna ar níos mó úsáide a bhaint as sreabhadh teoranta acmhainní.

Tionscnamh suaitheanta san AE anois é éifeachtúlacht acmhainní – tá sí ina ngné ríthábhachtach den straitéis le haghaidh fáis chliste, inbhuanaithe agus uileghabhálaigh faoin mbliain 2020. Le héifeachtúlacht acmhainní cuirtear prionsabail an dea-ghnó in éineacht le dea-chleachtas comhshaoil trí níos mó a dhéanamh agus dramhaíl a laghdú ag an am céanna. Is féidir é a chur i gcomparáid le haiste bia níos folláine a chur le chéile le córas aclaíochta – tar éis tamaill foghlaimíonn tú gur féidir leat níos mó a dhéanamh le níos lú agus d'fhéadfadh go mothófá níos fearr.

* Le haghaidh breis faisnéise féach measúnuithe téamacha SOER : tomhaltas agus an comhshaol :
**www.eea.europa.eu/soer/europe/consumption-and-environment**

## Cumhacht cheannaigh

Cuirtear brú ar an gcomhshaol mar thoradh díreach ár ar gcuid tomhaltais de bharr, mar shampla, ithe, tiomáint nó ár gcuid tithe a théamh. Tá an brú indíreach a chruthaítear feadh shlabhraí táirgeachta na n-earraí agus na seirbhísí a dhéantar a thomhailt níos mó, áfach. Is é a d'fhéadfadh a bheadh i gceist leis sin ná na tionchair mar thoradh ar mhianadóireacht nó shaothrú, úsáid uisce chun barra a fhás, nó dochar do bhithéagsúlacht de bharr dianfheirmeoireachta nó truaillithe.

Mar thomhaltóirí, áfach, is féidir linn dul i bhfeidhm ar ár dtionchar ar an gcomhshaol, trí bhia agus shnáithíní a tháirgtear go hinbhuanaithe a cheannach, mar shampla.

Tá táirgeadh orgánach agus 'feirmeoireacht chaomhantais' ag éirí níos coitianta agus níos rathúla ar fud an domhain. Sampla amháin de chuir chuige inbhuanaithe i dtreo táirgthe a laghdaíonn na tionchair ar an gcomhshaol áitiúil atá sa Tionscnamh Cadáis Chaomhantais.

## Nuálaíocht: éadach

## An Tionscnamh Cadáis Chaomhantais

Chruthaigh an chuideachta éadaí EDUN, an Cumann Caomhnaithe Fiadhúlra agus Invisible Children an Tionscnamh Cadáis Chaomhantais (CCIU) chun pobail feirmeoireachta inbhuanaithe a thógáil in Uganda.

'Tá CCU bunaithe i gceann de na ceantair is boichte in Uganda, Ceantar Gulu, ceantar atá ag teacht ar ais chuige féin tar éis cogaidh shibhialta, ar asáitíodh na mílte dá bharr. Cabhraíonn an Clár CCIU le feirmeoirí atá ag filleadh ar a gcuid talún trí mhaoiniú, uirlisí agus oiliúint a sholáthar chun gnó cadáis inbhuanaithe a fhás,' a deir Bridget Russo, an Stiúrthóir Margaíochta Domhanda, EDUN.

Tugtar oiliúint d'fheirmeoirí chun a gcuid páirceanna a mhéadú trí mheascán de bharra bia uainíochta a fhás chun a riachtanais bhunúsacha a dteaghlach a riar, chomh maith le cadás, barr airgid a bhfuil éileamh idirnáisiúnta air. Faoi láthair tá 3,500 feirmeoir ag baint leasa as an gclár CCIU agus tá sé beartaithe an figiúr sin a mhéadú go 8,000 leis na trí bliana romhainn.

Tá an comhoibriú sin dírithe ar fheabhas a chur ar shlí bheatha pobal san Afraic trí thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí chun "cadás caomhantais" a shaothrú go hinbhuanaithe.

## Mór-threocht domhanda Earth 2050: is é fás eacnamaíochta, seachas fás daonra, a bheidh ina fhachtóir lárnach a chuirfidh le tomhaltas

Beidh daonra an domhain fós ag dul i méid i 2050 ach beidh sé ag dul i méid níos moille ná mar a bhí cheana. Beidh saol níos faide ag daoine, beidh oideachas níos fearr acu agus rachaidh siad ar imirce níos mó. Rachaidh roinnt daonraí i méid agus rachaidh daonraí eile i laghad. Níl in imirce ach ceann amháin de na hionchais ghuagacha don Eoraip agus don domhan.

### Cén fáth a bhfuil déimeagrafaíocht an domhain tábhachtach duitse?

Bíonn tionchar ag fás daonra ar an gcuid is mó de mhór-threochtaí an domhain. Le cobhsú an daonra dhaonna – atá tuartha le tarlú sa dara leath den chéad reatha – ní bhfaighfear réiteach ar fhadhbanna an domhain ach d’fhéadfadh go gcabhrófar le hiarrachtaí i dtreo forbartha inbhuanaithe.

De réir mar a fhásann an daonra, tiocfaidh méadú ar úsáid acmhainní nádúrtha, ar thruailliú comhshaoil agus ar athrú úsáide talún ar nós uirbithe. Beidh tionchar díreach ag aistrithe i dtreochtaí déimeagrafacha an domhain ar chomhshaol na hEorpa trí hathrú aeráide agus thomhailt acmhainní.

D’fhéadfadh go ndéanfadh imirce ó lasmuigh den Eoraip an laghdú nádúrtha ar dhaonra agus ar fhórsa saothair na hEorpa a chúiteamh ar bhealach ach beidh idirghabhálacha substaintiúla beartais ag teastáil ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

Tá an smaoineamh go mbeidh ródhaonra ina phríomhchúis le géarchéim phláinéadach á cheistiú. Ní hamhlaidh go bhfuil an iomarca daoine ann le cothú ag an bpláinéad ach seachas sin is amhlaidh go bhfuil níos mó acmhainní ná mar a fhéadann an pláinéad a dhéanamh ag teastáil le haghaidh slite beatha sa líon méadaitheach de gheilleagair tionsclaithe. Is é fás eacnamaíochta níos mó ná fás daonra a chuireann le húsáid acmhainní i líon méadaithe de réigiúin.


---

**Graf 4: Athrú ar thomhailt meánaicme**

Mar thoradh ar an meánaicme dhomhanda níos mó in 2050 beidh níos mó cumhacht caithimh ann

Sa staidéar seo, déantar an mheánaicme a shainiú i dtéarmaí leibhéil tomhaltais: Is é atá i gceist ná an grúpa de theaghlaigh a chaitheann idir USD 10 agus 100 in aghaidh an lae (i bpaireacht chumhacht cheannaigh).

Le haghaidh liosta iomlán de thagairtí: Mór-threochtaí domhanda: ag maireachtáil i ndomhan uirbeach:
**www.eea.europa.eu/soer/europe-and-the-world/megatrends**




Sa staidéar seo, déantar an mheánaicme a shainiú i dtéarmaí leibhéal tomhaltais: Is é sin an grúpa teaghlach a chaitheann idir USD 10 agus 100 in aghaidh duine in aghaidh an lae (de réir paireachta cumhacht ceannaigh).

Foinse: Kharas H., 2010, The emerging middle class in developing countries.

# 5. DÚSHLÁN AN TRUAILLITHE





# 5. DÚSHLÁN AN TRUAILLITHE

‘Bhí na gairdíní agus na sráideanna faoi bhrat 15cm de shloda dearg. Bhí daoine ag iarraidh an sloda dearg a bhaint dá dtithe agus dá n-earraí pearsanta le gallúnach agus le huisce. Chinn daoine eile fós imeacht leo. Rinne mé iarracht an oíche sin an sloda a bhaint de mo bhuataisí ach chinn orm. Ní fhéadfainn fáil réidh leis an ábhar dearg sin,’ a deir Gábor Figeczky, ceannaire gníomhach an Chiste Dhomhanda Fiadhúlra san Ungáir.

Ar an 4 Deireadh Fómhair 2010, tharla ceann de na timpistí doirteadh tocsaineach is measa san Eoraip le blianta beaga anuas cóngarach do chathair Ajka in Veszprem, san Ungáir, thart ar 160 km thiar theas de Bhúdaipeist. De bhrí gur theip ar dhamba taiscumair in ionad táirgeachta alúmanaim leathnaigh sloda alcaileach ar fud na háite – trí shráidbhaile san áireamh. Ní fios go fóill céard iad na hiarmhairtí fadtéarmacha a eascróidh uaidh seo (EEA, 2010).

Níl anseo ach sampla amháin de na dúshláin a bheidh le sárú againn amach anseo i dtéarmaí an truaillithe a bheidh ag eascairt ó ghníomhaíocht thionsclaíoch. Eachtra shuntasach truaillithe eile é an doirteadh ola a tharla i Murascaill Mheicsiceo; doirteadh ola a tháinig chun solais in Aibreán 2010. Ainneoin gur samplaí drámatúla iad seo, bíonn tionchar éigin ag truailliú de shaghas éigin ar shaol laethúil gach duine againn.

## Múnlú an domhain agus a chuid meicníochtaí

Is léir méadú leanúnach a bheith ag teacht ar impleachtaí daonna ar an gcomhshaol le blianta beaga anuas. Roimhe seo, is ar bhonn áitiúil, go príomha, a tugadh a leithéid d’impleachtaí faoi deara. Le blianta beaga anuas, áfach, is léir go bhfuil a leithéid d’impleachtaí ag leathnú ar fud na réigiún éagsúil – sampla amháin é báisteach aigéadach. Agus anois is léir, mar shampla, impleachtaí domhanda a bheith ag athrú aeráide freisin.

Tá an téarma ‘antrapaigineach’, bunaithe ar an bhfocal Gréagach ‘antrapas’ (anthropos) a chiallaíonn ‘duine’, in úsáid le cur síos a dhéanamh ar an ré ina bhfuilimidne ag maireachtáil. Is é atá mar bhonn leis seo an tionchar suntasach atá ag úsáid acmhainní daonna agus ag an meascán casta truailleán atá ag eascairt uaidh ar an domhan agus a mheicníochtaí rialaithe.

Díreach cosúil linn féin, tá an comhshaol faoi bhagairt ag truailliú freisin. Go leor den am, ionsúnn truailliú na haschuir neamhiarrtha ár ngníomhaíochtaí – truailliú agus dramhaíl – rud a chiallaíonn go mbíonn a leithéid neamhdhíobhálach le himeacht ama. Go deimhin, ceann de na príomhróil atá ag éiceachórais shláintiúla ná truailleáin a ionsú agus a chlaochlú. Níl ach acmhainn theoranta ina leith seo ag éiceachórais, áfach. Má bhíonn barraíocht brú ar na héiceachórais tá an baol ann go ndéanfar damáiste dóibh agus do na speicis atá ag maireachtáil iontu – muid féin ina measc.

## Súil ghrinn ar thrí thruailleán faoi leith

Trí dhíriú ar thrí chineál truailleán, gheobhaimid léargas ar na himpleachtaí tromchúiseacha atá againne ar ár bpláinéad: caithnínigh, nítrigin agus ózón leibhéal na talún. Is fiú aird faoi leith a thabhairt orthu seo mar gheall ar na héifeachtaí casta agus uileghabhálacha a d’fhéadfadh a bheith acu ar fheidhmiú éiceachóras, rialú aeráide agus sláinte an duine. Agus is iad na foinsí céanna a bhíonn leo ar fad – tionsclaíocht, domhandú agus rátaí tomhaltais a bheith ag méadú.



Tá laghdú suntasach tagtha ar astuithe a lán truailleán aeir san Eoraip le blianta anuas agus áirítear an beartas aeir ar cheann de na gnéithe d'iarrachtaí comhshaoil an AE ar éirigh go breá leo. Ba é an beartas seo a bhí mar bhonn le laghdú suntasach ar astuithe sulfair, an príomh-chomhábhar i 'mbáisteach aigéadach'.

Táimid ag leanúint orainn, áfach, le brú a chur ar an gcomhshaol le meascán casta de thruailleáin; agus níl tuiscint rómhaith againn ar an héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar shláinte an phobail agus ar an gcomhshaol. Tá thart ar 70,000–100,000 substaint ceimiceach in úsáid cheana féin, líon substaintí atá de shíor ag méadú. Tá beagnach 5,000 de na substaintí seo á dtáirgeadh ar bhonn ardtoirte cheana féin, beagnach os cionn milliún tona gach bliain.

- Téarma é ábhar cáithníneach a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar mheascán de cháithníní beaga bídeacha a thagann ó fhoinsí cosúil le sceithphíopaí feithiclí agus soirn baile; ábhar cáithníneach a mbíonn tionchar aige ar na scamhóga. D'fhéadfadh go mbeadh nochtadh fadtéarmach mar bhonn le meascán d'éifeachtaí sláinte, mionghreannú an chórais riospráide agus bás anabaí san áireamh.
- Tá tionchar ag truailliú nítrigine ar an gcaighdeán screamhuisce, truailliú a bhíonn mar bhonn le heotrófú éiceachóras screamhuisce agus muirí. Nuair a chuirtear aoileach agus leasacháin ar thalamh talmhaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh an iomarca cothaitheach á n-astú isteach san aer nó ag sileadh isteach sa screamhuisce i bhfoirm cothaitheach nó mar rith screamhuisce. Ar deireadh scaoiltear an truailliú screamhuisce seo chun bealaí in uiscí cósta, áit a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith aige.
- Ainneoin go bhfeidhmíonn a leithéid mar chiseal cosanta os cionn an domhain, d'fhéadfadh contúirt a bheith ag gabháil le hózón ($O_3$). Is ionann 'ózón leibhéal na talún' agus an t-ózón atá san aer cóngarach do dhromchla an domhain. Ní astaítear isteach san aer go díreach é – cruthaítear é nuair a mheascann substaintí eile le chéile. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí tromchúiseacha sláinte ag nochtadh ózóin ar leibhéal na talún ar dhaoine mar aon le fás barraí a laghdú. D'fhéadfadh athrú teacht ar tháirgeacht agus ar chomhdhéanamh speiceas gnáthóg nádúrtha, rud a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le bithéagsúlacht a chur i mbaol.

## Ag coinneáil Súl ar Domhan

I gcomhthéacs an dúshláin chasta a bhaineann le truailliú baineann fíorthábhacht le heolas chun críocha eolaíocha agus dearadh beartas. Tá an EEA, tiomanta, áfach, d'eolas ábhartha, tráthúil agus intuigthe faoin gcomhshaol a chur ar fáil don phobal. Go simplí, tá sé mar aidhm ag EEA daoine a spreagadh le páirt a ghlacadh i bplé agus cumhacht a thabhairt dóibh.

D'fhéadfadh nach n-éireodh le formhór de na húsáideoirí bun ná barr a bhaint as sonraí neamheagraithe. Is é an rud is tábhachtaí ná go n-éireodh linn an t-eolas a chur ar fáil i bhformáidí ciallmhara agus úsáideacha. Tá an EEA ag obair le Microsoft chun na smaointe atá acu ina leith seo a fhorbairt. Trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide nua – i suíomh amháin – tá ar ár gcumas anois sonraí éagsúla a bhailiú, a eagrú agus a aimsiú ón iliomad foinsí difriúla.

Soláthraíonn an t-ardán nua 'Súil ar Domhan' (Eye on Earth) eolas maidir le caighdeán

## Nuálaíocht: sampla an fhuinnimh

Deir Ocean Nutrition Canada go raibh sé fíordheacair teacht ar mhiocrorgánach a bhí i bhfolach in alga atá in ann ola thrí-ghliocról a tháirgeadh – bonn le haghaidh táirgeadh bithbhreosla – ag ráta 60 uair níos mó ná na cineálacha eile algaí a bhí in úsáid roimhe seo.

Trí dhé-ocsaíd charbóin agus solas na gréine a thiontú go lipidí (aigéid shailleacha) agus olaí, féadfaidh cineálacha áirithe algaí suas le 20 uair níos mó breosla an acra ná barraí traidisiúnta a ghiniúint.

Níl sa tionscadal seo ach sampla amháin den taighde atá ar bun maidir le roghanna nua breosla a fhorbairt ar fud an domhain. Tá olaí le fáil i miocralgaí aoncheallacha cosúil le holaí plandúla atá in úsáid cheana féin mar bhithbhreoslaí. D'fhéadfadh go mbeadh an ola algach seo ar an réiteach is glaise atá ar fáil chun ár lorg carbóin a laghdú gach uair a thiomáinimid carr, a cheannaímid torthaí ó thíortha thar lear, nó a úsáidimid aerthaisteal.

Neamhchosúil le breoslaí iontaise, ionsúnn miocralgaí dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) san atmaisféar de réir mar a fhásann siad. Dá thoradh sin, ní chuirfeadh breosla algach leis na hastuithe carbóin.

Agus neamhchosúil le foinsí bithbhreosla eile cosúil le harbhar, ní bhíonn tiontú ó tháirgeadh talamh feirme go táirgeadh bia i gceist le miocralgaí. Go deimhin, de réir Chomhairle Náisiúnta Taighde Cheanada – ceannródaí sa réimse taighde seo, bheadh buntáiste suntasach ag baint le miocralgaí a shaothrú i bhfuíolluisce cathrach, uisce a bhfuil neart leasachán dála amóinia agus fosfáit le fáil ann. D'fhéadfaí dé-ocsaíd charbóin a atreorú ó mhúcháin thionsclaíocha chun foinse carbóin a sholáthar. Ní fhéadfaí foinse bithbhreosla ar bith eile a fhás ar an mbealach seo.

Is cuideachta forbhianna é Ocean Nutrition Canada a bhí ar thóir comhábhar nuair a rinneadh an fionnachtain seo. Tugann sé seo léargas maith ar an bpoitéinseal agus ar na coinbhleachtaí a bheidh le sárú againn sna blianta amach romhainn. Ar cheart dúinn barraí/acmhainní a úsáid chun muid féin a bheathú nó chun breosla a chruthú? An féidir linn nuálaíocht a chothú sna blianta amach romhainn?

áitiúil uisce snámha agus caighdeán áitiúil an aeir, bunaithe ar shonraí fíorama ó stáisiúin mhonatóireachta agus ó shamhaltú ar ríomhairí. Is bealach é seo chun sonraí casta eolaíocha ‘míshoiléire’ a athrú chuig formáid atá ábhartha agus intuigthe do bhreis agus 500 milliún saoránach AE; eolas a chuirfear ar fáil in 25 teanga.

Is ardán é Water Watch, mar shampla, a thugann deis d’úsáideoirí eolas úsáideach a fháil faoi ghrádú chaighdeán an uisce bunaithe ar eolas a bhailítear ó 21,000 pointe monatóireachta ag suímh shnámha in 27 tír Eorpach. Trí úsáid a bhaint as Teicneolaíocht Fhíorúil Mapála Microsoft, féadfaidh cuairteoirí limistéar roghnaithe den mhapa ar líne den Eoraip a roghnú agus súmáil isteach ar an limistéar sin nó, ainm trá a chlóscríobh isteach sa bharra cuardaigh.

Trí Súil ar Domhan a úsáid tugtar deis don phobal a dtuairim a thabhairt faoi chaighdeán an trá, an uisce agus an aeir, agus cur le heolas oifigiúil agus tacú leis an eolas oifigiúil atá ar fáil (nó easaontú leis). Is céim é an chumarsáid dhéthreo seo chun an pobal a spreagadh agus chun cumhacht a thabhairt don phobal.

Sna blianta amach romhainn, tá sé beartaithe againn cur leis an tseirbhís, trí chineálacha éagsúla eolais, eolas a bhaileoimid ó mhonatóireacht eolaíoch agus ó fhoinsí eile, tuairimí áitiúla nó dúchasacha san áireamh.

Tabhair cuairt ar Súil ar Domhan:
**www.eyeonearth.eu**

## Tá nuálaíocht á cothú san Eoraip

Baineann fíorthábhacht i gcás na hEorpa le rochtain chinnte ar acmhainní nádúrtha. Tá sé seo fíor go háirithe i gcomhthéacs éileamh fuinnimh an domhain, áit a bhféadfadh ganntanas breoslaí iontaise a bheith mar bhonn le hathrú ar an líon foinsí fuinnimh intíre atá ar fáil.

D’fhéadfadh athrú i dtreo foinsí fuinnimh nua tionchar a imirt ar chomhshaol na hEorpa chomh maith. I measc na n-impleachtaí a d’fhéadfadh a bheith i gceist lena leithéid bheadh níos mó talún in úsáid le haghaidh bithbhreoslaí, acmhainn nua hidreachumhachta ag cur isteach ar éiceachórais, truailliú torainn agus amhairc ó thuirbíní gaoithe, agus truailliú agus astuithe gáis cheaptha teasa ó shaothrú sceall ola. Beidh forbairt na hacmhainne fuinnimh núicléach mar bhonn le plé poiblí faoi stóráil dramhaíola agus rioscaí sábháilteachta.

Ní mór dúinn nuálaíocht a chothú agus nideoga margaidh a aimsiú chun ár riachtanas iomlán mianraí, miotal agus fuinnimh a laghdú, agus ag an am céanna teicneolaíochtaí agus réitigh nua a fhorbairt. Cheana féin, is léir go bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh againn i ndáil le fuinnimh na gréine, na gaoithe agus na mara a fhorbairt.



# Mór-threocht domhanda Earth 2050: Truailliú – Níos mó úsáide á baint as ceimiceáin

Faoi láthair, tá formhór na gceimiceán á dtáirgeadh ag 'tíortha forbartha' ainneoin méadú a dhá oiread chomh tapa a bheith ag teacht ar tháirgeadh san India, sa tSín, sa Bhrasaíl, san Afraic Theas agus san Indinéis. Meastar go méadóidh a gcion eacnamaíoch de tháirgeadh iomlán ceimiceán an domhain – méadú 30% faoi 2020 agus méadú 40% faoi 2030.


## Cén tábhacht a bhaineann le níos mó úsáide a bhaint as ceimiceáin duitse?


I measc na n-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag treochtaí truaillithe domhanda ar an Eoraip tá tuilleadh impleachtaí fós ar shláinte an duine agus ar éiceachórais. Baineann rioscaí dáiríre le huisce óil agus snámha míshábháilte agus bia truaillithe, rioscaí a d'fhéadfadh eascairt ó tháirgí Eorpacha agus ó earraí iompórtáilte. D'fhéadfadh freisin go mbeadh baol ag baint le níos mó táirgí ceimiceacha tionscalaíochta idirmheánacha agus críochnaitheacha a iompórtáil. San Eoraip, tá an deacracht a bhaineann le nítrigin fhreasaitheach le tabhairt faoi deara go soiléir sa Mhuir Bhailt, áit a bhfuil drochbhail cheana féin ar an stádas éiceolaíoch.

**Graf 5: Táirgeadh ceimiceán**

Tá idir 70,000 agus 100,000 substaint cheimiceach á táirgeadh ar bhonn ardtoirte cheana féin, beagnach os cionn milliún tona gach bliain. Is i dtíortha OECD atá an méid is mó ceimiceán á dtáirgeadh agus tá méadú a dhá oiread chomh tapa ag teacht ar tháirgeadh san India, sa tSín, sa Bhrasaíl, san Afraic Theas agus san Indinéis.

Le haghaidh breis faisnéise féach:
Mór-threochtaí domhanda: méadú ag teacht ar thruailliú an chomhshaoil:
**www.eea.europa.eu/soer/europe-and-the-world/megatrends**



Foinse: ECFE, 2008, Forbhreathnú Comhshaoil an ECFE go 2030.

# 6. AN DOMHAN UIRBEACH






SSO
CAPPUCC

# 6. AN DOMHAN UIRBEACH

**An raibh a fhios agat? Tá tionchar ag cathair ar limistéar fairsing lasmuigh dá teorainneacha féin. Mar shampla, meastar go dteastaíonn limistéar beagnach 300 uair chomh mór lena méid geografach ó Londain chun freastal ar éilimh na cathrach agus chun dramhaíl agus astuithe na cathrach a dhiúscairt.**

*SOER 2010*

Táimid ag druidim i dtreo dheireadh Mheán Fómhair agus tá an-dochar déanta ag na báistí monsúin sa Deilí Nua. Tá sé an-te i bpríomhchathair na hIndia – breis agus 30 céim, agus tá sé meirbh. Ainneoin nach bhfuil sé ag doirteadh báistí anois tá uisce ar fud na háite. Tá sé dearbhaithe go bhfuil ráig d'fhiabhras deinge – fiabhras muiscít-iompartha – briste amach sa chathair.

Is é an ceantar atá i gceist ceantar Yamuna Pushta nó 'claífort Yamuna', lonnaíocht mhídhleathach i gceantar thoir thuaidh na cathrach ar na tuilemhánna ar gach taobh den abhainn mhór. Anois, tá na tuilemhánna iad féin faoi uisce. Dá dheasca seo, tá na céadta mílte cónaitheoir as na plódcheantair ag tabhairt aghaidh ar an abhainn agus iad sa tóir ar foscadh.

Tá daoine anois lonnaithe ar an mbealach mór agus a bhfuil fágtha dá maoin phearsanta ina dteannta, iad cúpla méadar ó phríomhábhar crá eile Nua Deilí: an trácht. Tá naíonán beag bídeach ina chodladh ar an gcoincréit fhuar, chrua, slat nó dhó ón mbóthar, agus pluid mórthimpeall air. Tá déagóir óg ag caitheamh am is dua ag cur slachta ar a cuid gruaige – folt fada, dubh – ina suí faoi dhíon a tí phlaistigh. Tá déagóir eile gnóthach ag seoladh téacsanna agus í ag líonadh buicéid le huisce óil as umar uisce.

## Mór-threochtaí domhanda ar thaobh an bhóthair

Nuair a smaoinímid ar dhomhandú is annamh a smaoinímid ar phlódcheantair ach is cuid d'fheiniméan domhanda iad muintir Yamuna Pushta. Tá na billiúin daoine ag carnadh isteach inár gcathracha agus inár gceantair uirbeacha, an talamh agus an tuath á dtréigean acu. Don chéad uair riamh, tá breis agus 50% de dhaonra an domhain ag maireachtáil i gceantair uirbeacha. Faoi 2050, tá an chosúlacht ar an scéal go mbeidh thart ar 70% dúinn ag maireachtáil i gceantair uirbeacha, i gcomparáid le níos lú ná 30% in 1950 (UNDESA, 2010).

Tá cathracha anois níos mó ná mar a bhí riamh roimhe seo. Tá an líon suntasach mórchathracha ar fud an domhain ag cur brú aisteach ar chórais tacaíochta na n-acmhainní nádúrtha. D'fhéadfadh níos mó tábhachta fós, i gcomhthéacs an chomhshaoil, a bheith ag baint leis an bhfás níos tapa fiú atá ag teacht



ar chathracha beaga agus meánmhéide ar fud an domhain.

Bíonn deiseanna infheistíochta agus fostaíochta carntha le chéile i gcathracha, rud a spreagann fás geilleagrach agus méadú ar tháirgeacht. Bíonn poist níos fearr le fáil i gcathracha, mar aon le rochtain níos fearr ar earraí, ar sheirbhísí agus áiseanna; agus áiseanna sláinte agus litearthachta níos fearr, mar aon le cáilíocht beatha níos fearr. Tugann na deiseanna seo spreagadh do phobal na tuaithe iarracht a dhéanamh saol níos fearr a bhaint amach dóibh féin agus ioncam níos airde a thuilleamh dóibh féin i gceantair uirbeacha.

In éagmais rialachas láidir, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh fás uirbeacha tapa mar bhonn le dúshláin shuntasacha chomhshaoil trí chur le rátaí tomhaltais agus le bochtaineacht uirbeach.

Is léir ó staitisticí Gnáthóg-NA go bhfuil thart ar 1.1 billiún duine ag maireachtáil i bplódcheantair uirbeacha ar fud an domhain. Agus an daonra ag méadú de shíor, tá níos mó agus níos mó daoine ag bogadh chuig ceantair uirbeacha ar fud an domhain agus meastar go leanfar leis an treocht seo amach anseo.

Ainneoin go bhfuil formhór an daonra atá ag maireachtáil i gceantair thuaithe ag déileáil le díothacht thromchúiseach, tá céatadán suntasach den daonra ag maireachtáil i gceantair uirbeacha freisin, ach síltear go bhfuil easnamh suntasach le tabhairt faoi deara sna figiúirí seo sna staitisticí oifigiúla. Pointe tábhachtach is ea go bhfuil céatadán na ndaoine bochta sna ceantair uirbeacha ag méadú níos tapa ina lán tíortha i mbéal forbartha ná fás daonra sna ceantair uirbeacha.

## Ag múnlú na todhchaí

Is éiceachórais iad cathracha: is córais oscailte agus dhinimiciúla iad a ídíonn, a athraíonn agus a scaoileann ábhair agus fuinneamh; forbraíonn siad agus téann siad in oiriúint do chúinsí éagsúla; bíonn tionchar ag daoine orthu agus bíonn nasc eatarthu agus éiceachórais eile. Ní mór, dá réir sin, iad a bhainistiú cosúil le héiceachóras ar bith eile.

Trí mhachnamh an athuair a dhéanamh ar dhearadh uirbeach, ailtireacht, iompar agus pleanáil, féadfaimid ról lárnach a thabhairt dár gcathracha agus dár dtírdhreacha uirbeacha sna pleananna maolaithe athraithe aeráide (m.sh. iompar inbhuanaithe, fuinneamh glan agus ídiú ar tomhaltas íseal) mar aon le hoiriúnú (m.sh. tithe ar snámh, gairdíní ingearacha). Os a choinne sin, beidh pleanáil uirbeach níos fearr mar bhonn le caighdeán beatha níos fearr don uile dhuine trí spás uirbeach ciúin, sábháilte, glan agus glas a dhearadh. Chomh maith leis sin, cruthaítear deiseanna fostaíochta nua trí theicneolaíochtaí nua agus ailtireacht ghlas a chur chun cinn sa mhargadh.

Bunaithe ar chomhchruinniú daoine agus gníomhaíochtaí inár gcathracha, baineann fíorthábhacht le cathracha i gcomhthéacs na hEorpa agus sa domhan trí chéile. Ní féidir na fadhbanna a thagann chun cinn inár gcathracha a réiteach ar leibhéal áitiúil. Tá gá le comhtháthú feabhsaithe idir beartais agus rialachas nua, lena n-áirítear comhpháirtíocht agus comhordú níos dlúithe ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. Go deimhin, baineann fíorthábhacht le beartas éifeachtach, nasctha sa domhan idirnasctha ina mairimid.

# Mór-threocht domhanda Earth 2050: ag maireachtáil i ndomhan uirbeach

Cuid den domhan uirbeach é méadú a bheith ag teacht ar thomhaltas agus ar rachmas. Ach chomh maith leis sin, ciallaíonn sé go mbeidh grúpaí uirbeacha beagdheise ag éirí níos boichte. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag droch-choinníollacha maireachtála uirbeacha agus rioscaí comhshaoil agus sláinte gaolmhara ar gach cuid den domhan, an Eoraip san áireamh.

## Cén tábhacht a bhaineann le huirbiú duitse?

Beidh tionchar suntasach ag dearadh agus rialachas ceantar uirbeach, i gceantar thoir theas na hÁise go háirithe, ar astuithe domhanda gáis cheaptha teasa agus ar an éileamh a bheidh ar acmhainní. Nuair a bhíonn cathair tógtha bíonn sé fíordheacair é a athrú. Téann cónaitheoirí in oiriúint do na coinníollacha seo ach d'fhéadfadh deacracht a bheith ag baint lena n-iompraíocht a athrú. In a lán áiteanna sa domhan forbraíochta, tá an baol ann nach ndéanfar mórán forbartha ar mhúnlaí fuinnimh agus acmhainní d'fhorbairt uirbeach sna blianta beaga amach romhainn.


I ndomhan atá nasctha go dlúth lena chéile, beidh tionchar díreach ag athruithe ar uirbiú agus ar phatrúin ghaolmhara tomhaltais ar an Eoraip. I measc na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá patrúin úsáide talún na hEorpa a athrú mar gheall ar iomaíocht ghéar le haghaidh acmhainní agus an baol go bhféadfadh galar a bheith ag forbairt agus ag leathnú ar fud an domhain.

---

**Graf 6: Treochtaí uirbeacha**

Den chéad uair riamh, tá breis agus 50% de dhaonra an domhain ag maireachtáil i gceantair uirbeacha. Faoin mbliain 2050, tá an chosúlacht ar an scéal go mbeidh 70% den daonra ag maireachtáil i gceantair uirbeacha (UNDESA, 2010). Measann lucht déimeagrafaice go mbeidh breis agus 50% de dhaonra uirbeach an domhain ag maireachtáil san Áise faoin bliain 2050.

Le haghaidh breis faisnéise féach:
Mór-threochtaí domhanda: ag maireachtáil i ndomhan uirbeach:
**www.eea.europa.eu/soer/europe-and-the-world/megatrends**




(1) Éagsúlaíonn an sainmhíniú ar 'limistéar uirbeach' ó thír go tír.

(2) An Albáin, Andóra, an Ostair, an Bhealarúis, an Bheilg, an Bhosnia agus an Heirseagaivéine, an Bhulgáir, Oileáin Mhir nIocht, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, Oileáin Fharó, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, Giobráltar, an Ghréig, an Suí Naofa, an Ungáir, an Íoslainn, Éire, Oileán Mhanann, an Iodáil, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, Monacó, Montainéagró, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, an Moldóiv, an Rómáin, an Rúis, San Mairíne, an tSeirbia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Eilbhéis, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe.

Tá sé réamh-mheasta go sroichfidh limistéir uirbeacha na hAigéine – nach n-áirítear anseo ar chúiseanna cáilitheachta – 38 milliún duine faoi 2050 (25 milliún i láthair na huaire).

Foinse: Rannóg Daonra na Náisiún Aontaithe, Ionchais Uirbithe Domhanda: Athbhreithniú 2009.

# TAGAIRTÍ


- Angelini et al., 2007, ‘An outbreak of chikungunya fever in the province of Ravenna, Italy’, *Eurosurveillance* 12 (36).
- CE, 2008, *The Economics of Ecosystems and Biodiversity — an interim report*, Comhphobail Eorpacha.
- EEA, 2010, *Mapping the impacts of natural hazards and technological accidents in Europe*, Tuarascáil theicniúil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil Uimh. 13/2010.
- Fraunhofer, 2009, USGS, 2004
- Gundimeda, H., Sanyal, S., Sinha, R. agus Sukhdev, P., 2006, *Green accounting for Indian states project: the value of biodiversity in India’s forests*, TERI Press, Deilí Nua.
- Kharas, H., 2010, The emerging middle class in developing countries.
- ECFE, 2008, Forbhreathnú Comhshaoil an ECFE go 2030
- Ota, A. B., 2006, *Responsible business behaviour in Orissa*, State Tribal Research Institute, Rialtas Orissa, An India.
- Rogers, D. agus Randolph, S. 2000, *The Global Spread of Malaria in a Future, Warmer World*; Ahlenius H., 2005, UNEP/GRID-Arendal Maps and Graphics Library.
- Sarojini Thakur, 2008, Ceann an Rannáin Inscne, Ardrúnaíocht an Chomhlathais, Cumarsáid
- NA, 2010, *The Millennium Development Goals Report 2010*, Na Náisiúin Aontaithe, Nua-Eabhrac.
- UNDESA, 2010, *World Urbanisation Prospects, the 2009 Revision*, Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe, An Rannóg Daonra, Nua-Eabhrac.
- WWF, 2007, Europe 2007 Olltáirgeacht Intíre agus Lorg Éiceolaíoch, An Ciste Domhanda Fiadhúlra, An Oifig Eorpach Beartas, An Bheilg.

# CREIDIÚINTÍ GRIANGHRAIF

Is cuid lárnach de Signals í an ghrianghrafadóireacht. Tá an EEA buíoch ach go háirithe do na grianghrafadóirí John McConnico agus Mark Craemer as a gcuid cúnaimh le Signals 2011.

EEA/John McConnico: Leathanaigh 3, 4, 5, 8, 9, 10, 11, 16, 32, 33, 36, 38, 41, 44, 45, 62, 63, 64
John McConnico: 12, 13, 24, 25, 55
Mark Craemer: Grianghraf an Chlúdaigh, 15, 19, 21
EEA/Ace & Ace: 59
Associated Press: 52, 53
Cuideachta Éadaí Edun: 49
Comhairle Náisiúnta Acmhainní Cheanada: 57
iStockphoto: 29, 66

Is ag an EEA atá na cearta chun na híomhánna i Signals dá dtagraítear EEA/John McConnico. Is féidir na híomhánna seo a atáirgeadh ar na gcoinníoll go dtagraítear dóibh mar EEA/John McConnico. Le haghaidh a thuilleadh sonraí ar na híomhánna i Signals, seol rphost chugainn ag: signals@eea.europa.eu

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach
Kongens Nytorv 6
1050 Cóbanhávan K
An Danmhairg

Teil.: +45 33 36 71 00
Facs: +45 33 36 71 99

Gréasán: eea.europa.eu
Fiosrúcháin: eea.europa.eu/enquiries

TH-AP-11-001-GA-C
10.2800/68319

ISBN 978-92-9213-181-4
9 789292 131814

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach